Curaclam na Bunscoile

Primary School Curriculum

# Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

| | |
|---|---|
| Comhairleoir deartha: | Páirtíocht Bradley McGurk |
| Arna dhearadh ag: | The Identity Business |
| Arna chur i gcló ag: | Spectrum Print Management |
| Arna chlóbhualadh ag: | Mozzon Giuntina - Florence agus |
| | Officine Grafiche De Agostini - Novara |


© 1999 Rialtas na hÉireann

# Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

## Curaclam

# Clár


## Réamhrá

Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte 2
An curaclam in OSPS 3
Aidhmeanna 9
Cuspóirí leathana 10
Ábhar do gach rang a phleanáil 11

## Ranganna naíonán

Foramharc 15
Ábhar 16

## Ranganna 1 agus 2

Foramharc 25
Ábhar 26

## Ranganna 3 agus 4

Foramharc 37

Ábhar 38

## Ranganna 5 agus 6

Foramharc 53

Ábhar 54

## Measúnú

Measúnú 70

## Aguisín

Ballraíocht an Choiste Curaclaim don OSPS 80

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta 81

# Réamhrá

# Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte



Cuireann oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS) deiseanna sonracha ar fáil chun forbairt phearsanta, sláinte agus folláine an pháiste aonair a chothú, chun cuidiú leis/léi caidreamh tacúil a chruthú agus a choinneáil agus bheith ina s(h)aoránach gníomhach freagrach sa tsochaí. Trí chlár don OSPS atá pleanáilte agus comhsheasmhach ar fud na scoile, is féidir le páistí creatlach de luacha, dearcadh, tuiscint agus scileanna a fhorbairt a thabharfaidh treoir dá gcinntí agus dá ngníomhartha san am i láthair agus san am atá le teacht. Ós rud é go bhfuil diminsiún morálta agus spioradálta ag OSPS, téann ethos nó spiorad sainiúil na scoile i gcion go suntasach ar a fhorbairt agus ar a chur i bhfeidhm.

Cuidíonn an t-atmaisféar foghlama agus teagaisc a bhíonn i réim sa seomra ranga, na modhanna teagaisc agus na cineálacha cur chuige a bhíonn in úsáid agus an caidreamh a mbíonn taithí ag páistí air agus a fheiceann siad ar siúl sa scoil lena bhforbairt shóisialta, phearsanta agus sláinte. Mar an gcéanna, bíonn peirspictíocht shóisialta, phearsanta agus sláinte ag an-chuid de na téamaí agus de na topaicí a phléitear sna hábhair léinn éagsúla, chomh maith le go leor de na himeachtaí teagmhasacha a thiteann amach i ngnáthshaol laethúil na scoile. Ina theannta sin tá saincheisteanna ar leith a bhaineann go nádúrtha le OSPS ar gá iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh orthu ar bhealach mion.

Chun freastal ar na diminsiúin seo uile, soláthróidh clár in OSPS a mbeidh tuiscint agus éifeacht leis deiseanna foghlama i dteaglaim de thrí bhealach: i gcomhthéacs meoin agus atmaisféir dheimhnigh scoile, trí am scoite (am sainiúil ar an gclár ama), agus trí chur chuige comhtháite idir raonta d'ábhair léinn. Trína leithéid de chur i bhfeidhm cuirfear ar chumas an mhúinteora cur chuige comhleanúnach a chleachtadh i leith an chláir, aird a thabhairt ar an eispéireas foghlama sa bhaile agus úsáid a bhaint as na straitéisí foghlama agus teagaisc is oiriúnaí.

De réir mar a théann páistí chun cinn i gclár an OSPS, teagmhóidh siad le raon leathan de shaincheisteanna. Ina measc beidh mí-úsáid substaintí, gaolmhaireacht, gnéasacht, mí-úsáid páistí a chosc, claonbhá agus leithcheal. Tá an curaclam in OSPS struchtúrtha ar bhealach nach ndéantar iniúchadh ar na saincheisteanna seo ina n-aonar; ina ionad sin tá an bhéim ar bhunchloch scileanna, luachanna, dearcaidh agus tuisceana a thógáil atá bainteach leis na saincheisteanna seo uile, agus ar eolas ar leith bheith á sholáthar de réir mar is gá.

## An curaclam in OSPS

Cuireann OSPS forbairt inphearsanta chun cinn trí chabhrú le páistí iad féin a aithint agus a thuiscint agus glacadh leo féin mar dhaoine uathúla a bhraitheann go bhfuil meas orthu agus go dtugtar grá dóibh. Cuireann sé deiseanna faoi leith ar fáil chun féinluach agus féinmhuinín a chothú, rud a chuidíon leis an bpáiste a spriocanna féin a leagan síos agus a mheas agus bheith in ann a c(h)uid iompraíochta féin a láimhseáil. Cuireann OSPS ar chumas an pháiste mothú féinéifeachtachta a fhothú agus méadaíonn sé seo ar a sheal a m(h)othú féinsmachta, cuireann sé féinfheasacht chun cinn agus cuireann sé foghlaim fhéintreoraithe ar a c(h)umas. Cuidíonn clár in OSPS go háirithe le forbairt tréithe agus scileanna pearsanta, amhail foghlaim conas mothúcháin a láimhseáil, coimhlintí a réiteach agus déileáil le staideanna atá nua agus éilitheach.

Beidh tionchar suntasach ag modhanna maireachtála agus iompraíochta na bpáistí agus iad óg ar a sláinte agus a bhfolláine sna blianta amach rompu. Cinntíonn OSPS go bpleanáltar, go gcuirtear i bhfeidhm agus go neartaítear teachtaireachtaí sláinte, agus soláthraíonn sé soiléiriú ar chuid den mhífhaisnéis a fhaigheann páistí uaireanta. Is aidhm dó freisin a chur ar chumas páistí mothú féinfhreagrachta a fhorbairt maidir lena sláinte féin agus leis na cinntí agus na roghanna a dhéanann siad i dtaca lena n-iompraíocht agus lena ngníomhartha.

Mar chuid dá bhforás sóisialta ní foláir do pháistí léirthuiscint ar dhaoine eile a bhaineann lena saol a fhoghlaim agus fios a bheith acu conas gaolmhaireacht dheimhneach shláintiúil a chruthú agus a choinneáil. Is féidir le clár in OSPS cur go suntasach le forbairt idirphearsanta trí chuidiú le páistí raon de scileanna cumarsáide a shealbhú agus na slite inar féidir leo urraim, cúram agus machnamh a léiriú ina gcuid teagmhála le daoine eile a thuiscint. Ar scoil, is féidir le páistí foghlaim conas gaolmhaireacht a fhorbairt agus a choimeád buan bunaithe ar mheas agus ar fhreagracht chómhalartach agus tosú ar thábhacht na hiontaoibhe agus na macántachta in idirghníomhú daonna a thuiscint.

Ní mór do pháistí foghlaim freisin gur cheart ceannfháthanna pearsanta agus mothú freagrachta sóisialta a bheith ar cothrom. Glacann OSPS ról tábhachtach i bhforbairt na tuisceana ar an saol daonlathach agus ar chearta agus freagrachtaí daoine aonair agus grúpaí. Cuireann sé deiseanna ar fáil do pháistí foghlaim mar gheall ar na pobail éagsúla lena mbaineann siad, páirt ghníomhach a ghlacadh iontusan agus mothú comhghealltanais a fhorbairt. Cabhraíonn sé leo chomh maith meas a bheith acu ar a gcéannacht náisiúnta, Eorpach agus domhanda agus bheith mórálach aisti, agus teacht ar thuiscint faoin gciall atá le saoránacht sa bhrí is leithne.

Tá éagsúlacht agus difríocht mar thréithe ag an bpobal ina maireann páistí. Mar sin féin, bíonn claonbhá agus leithcheal mar ghnéithe den chaidreamh daonna go ró-mhinic. Is féidir agus is cóir meas agus léirthuiscint ar éagsúlacht dhaonna agus chultúrtha a chur chun cinn ag gach leibhéal sa bhunscoil. Trí OSPS éiríonn páistí feasach ar chuid den chlaonbhá agus den dearcadh a dteipeann air ómós a thabhairt do dhínit daoine eile. Tugtar deiseanna dóibh tuiscint ar a gcultúr agus a dtraidisiúin féin a fhorbairt agus ag an am céanna léirthuiscint fhorásach a ghnóthú ar an gcabhair dheimhneach a thugann grúpaí difriúla sa tsochaí. De réir mar a fhoghlaimíonn páistí conas comhionannas, ceart agus cothroime a thuiscint agus a chleachtadh i staideanna scoile, beidh ar a gcumas dúshlán a chur faoi chlaonbhá agus leithcheal de réir mar a fhaigheann siad taithí air ina saol féin anois agus amach anseo.

Cónaíonn páistí in aois ina mbíonn eolas á radadh chucu go laethúil as foinsí ilghnéitheacha. Bíonn siad faoi bhrú forásach tráchtála freisin toisc teicníochtaí margaíochta a bheith in úsáid go forleathan chun an páiste, dá óige ar fad é/í, a mhealladh. Spreagann OSPS na páistí chun a bheith níos grinne nuair a úsáideann siad na meáin chumarsáide agus chun foghlaim mar gheall ar, agus bheith feasach ar, na teicníochtaí agus na straitéisí a úsáidtear i bhfógraíocht agus sna meáin i gcoitinne.

## Freagracht chomhpháirteach

Ní sa scoil a thosaíonn ná a chríochnaíonn OSPS. Bíonn tionchar suntasach ag an teaghlach agus ag timpeallacht an bhaile ar thuiscint páistí ar an domhan, a ról agus a n-áit féin sa tsochaí agus bealaí iompraíochta. Cé go leanann sé seo ar feadh a saoil ar fad, éiríonn tosca eile mar na meáin chumarsáide, a gcairde, a bpiaraí agus eispéiris indibhidiúla níos cumhachtaí i gcónaí.

Bíonn an éifeacht is mó ag clár in OSPS nuair a bhunaítear é ar chur chuige atá comhsheasmhach agus nuair a dháiltear freagracht ar thuismitheoirí, mhúinteoirí, pháistí, bhoird bhainisteoireachta, ghairmeacha sláinte agus bhaill ábhartha den phobal. Beidh dlúthchomhairliú idir na páirtithe ina chuid riachtanach den phróiseas pleanála agus den athbhreithniú rialta ar an gclár. Cuidíonn an cur chuige comhpháirteach seo lena chinntiú go gcuirtear eispéireas comhsheasmhach in OSPS ar fáil do pháistí agus go mbeidh siad in ann ceangail a dhéanamh idir an saol sa bhaile, sa scoil agus sa phobal.

## Snáitheanna an churaclaim

Cuirtear an curaclam i láthair i dtrí shnáithe: *Mise, Mise agus daoine eile* agus *Mise agus an domhan mór*. Tá siad seo comhsheasmhach ar fud na bunscoile agus soláthraíonn siad bonn don OSPS agus do na curaclaim in oideachas saoránachta, sóisialta agus polaitiúil (OSSP) ag leibhéal na hiar-bhunscoile.

Cuirtear na snáitheanna i láthair ar cheithre leibhéal, iad ag rianú an ábhair a d'fhéadfaí a chuimsiú ag gach céim de thréimhse an pháiste ar scoil. Toisc go dtéann forás an pháiste chun cinn go héagothrom, ba chóir an t-ábhar agus na heiseamláirí a ghabhann leis a úsáid ar bhealach solúbhta. Is treoirlíne iad ar féidir clár oiriúnach a fhorbairt uaithi, ceann ar féidir leis an éifeacht is mó a bheith aige toisc go bhfuil sé curtha in oiriúint do scoileanna ar leith agus do thosca sonracha.

Tá an curaclam leagtha amach ar mhodh bíseach, is é sin go bpléitear le hábhair chomchosúla ag gach leibhéal, ach go bhfreastalaíonn na próisis, na cineálacha cur chuige agus an t-eolas a thoghtar ar riachtanais na bpáistí ag am ar leith agus ag a gcéimeanna éagsúla ullmhachta.

Tá *Mise* bunaithe ar fhorbairt phearsanta an pháiste aonair agus ar a s(h)láinte agus a f(h)olláine. Is féidir, trí iniúchadh ar chodanna an tsnáithe seo, féinfheasacht agus tuiscint a chothú agus a chur ar chumas páistí aire a thabhairt dóibh féin agus meas a bheith acu orthu féin. Cumasaíonn an t-ábhar freisin forbairt raoin de scileanna ilghnéitheacaha pearsanta agus féinbhainistíochta agus cothaíonn sé mothú freagrachta pearsanta as a ngníomhartha agus a n-iompraíocht féin. Cabhraíonn an snáithe *Mise* le páistí freisin bealaí smaoinimh, mothaithe agus gníomhaithe a bhunú a chuideoidh le sláinte agus folláine a chur chun cinn agus a choinneáil anois agus san am atá le teacht.

Díríonn *Mise agus daoine eile* ar mhothú cúraim agus measa i leith daoine eile a fhorbairt agus ar an gcumas chun caidreamh agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile. Cuidíonn sé le tréithe agus meonta a chothú sna páistí a chabhróidh leo maireachtáil agus saothrú i gcomhar le daoine eile agus gníomhú ar bhealaí atá freagrach go sóisialta. Tugtar deiseanna dóibh raon leathan de scileanna cumarsáide a fhoghlaim agus a chleachtadh, ar a n-áirítear an cumas chun coimhlintí a réiteach, ionbhá a dhéanamh, a bheith teanntásach, agus comhoibriú agus saothrú i gcomhar le daoine eile.

Cuireann *Mise agus an domhan mór* ar chumas na bpáistí na pobail éagsúla ina maireann siad a iniúchadh. Foghlaimíonn siad conas gníomhú go hinniúil sa tsochaí agus tuiscint a fháil ar cad is brí le muintearas agus le

comhchuspóir a bheith acu. Le linn dóibh an snáithe seo a iniúchadh spreagtar iad chun mothú freagrachta sóisialta agus léirthuiscint ar nádúr idirspleách an tsaoil ina maireann siad a fhorbairt. Mar chuid den snáithe seo iniúchtar an gá atá le cúram a dhéanamh den imshaol agus le hé a chaomhnú ar mhaithe leis na glúine atá le teacht. Tugtar deiseanna do pháistí foghlaim faoina gcultúr agus a dtraidisiúin féin, agus spreagtar iad chun meas a bheith acu ar chearta agus ar chion tairbhe daoine agus grúpaí atá difriúil ó thaobh cultúir de.

Cuireann an snáithe seo feasacht faoi na meáin chumarsáide chun cinn freisin agus cuidíonn sé le páistí cineálacha éagsúla meán a scrúdú agus a iniúchadh. Nuair a úsáideann páistí teicníochtaí na meán agus nuair a éiríonn siad feasach ar theicneolaíocht an eolais ar mhodh struchtúrtha bíonn siad in ann brabach a bhaint as an teicníocht, agus sa tslí sin bíonn úsáid chriticiúil na meán á cothú.

## Cur chuige agus modhanna teagaisc

Tá na modhanna teagaisc agus na cineálacha cur chuige a bhíonn in úsáid sa seomra ranga ríthábhachtach i dtaca le forbairt shóisialta, phearsanta agus sláinte an pháiste. Mar rannpháirtithe gníomhacha ina gcuid foghlama féin, is féidir le páistí ciall a bhaint as a bhfuil á fhoghlaim, breitheanna eolacha a thabhairt agus bríonna úra a cheapadh. Is é is dóichí go mbraithfidh páistí go bhfuil seilbh acu ar an méid a bhíonn foghlamtha acu agus go mbeidh siad in ann é a aistriú go suímh dhifriúla má bhíonn siad gafa go gníomhach leis an bpróiseas foghlama. Bíodh go gcothaítear foghlaim neamhspleách, tá sé chomh riachtanach céanna go gcuirfí deiseanna ar fáil do pháistí idirghníomhú a dhéanamh le daoine eile agus lena n-imshaol agus foghlaim conas comhoibriú lena bpiaraí.

Chun go dtarlódh foghlaim ghníomhach, ba chóir don scoil timpeallacht thacúil chúramach a sholáthar ina spreagfaí an páiste chun bheith páirteach ina c(h)uid foghlama féin agus ina mbeadh meas agus léirthuiscint ar gach iarracht. Beidh ról lárnach ag an múinteoir maidir le teicníochtaí éifeachtacha foghlama gníomhaí agus teagaisc a úsáid sa seomra ranga. Caithfidh sé/sí gníomhaíochtaí a struchtúrú agus an obair a threorú agus a stiúradh sa chaoi go mbeidh ar chumas an pháiste bheith páirteach ar mhodh atá réadúil ciallmhar agus mothú freagrachta a fhorbairt faoina c(h)uid foghlama féin.

Ba chóir straitéisí gníomhacha foghlama an-ilghnéitheacha a úsáid le linn don OSPS bheith á chur i bhfeidhm i dtreo go gcuirfí riachtanais indibhidiúla agus an raon leathan cuspóirí sa churaclam san áireamh. I measc na straitéisí seo bheadh gníomhaíochtaí súgartha, díospóireachta

agus drámaíochta, cluichí comhoibritheacha, cláir ilmheáin, teacht ar an idirlíon agus an ríomhphost, an teilifís, sleachta as físeáin nó grianghraif a iniúchadh, suirbhéanna a dhéanamh nó sonraí a léirmhíniú. Mar chuid d'aon straitéis fhoghlama nó teagaisc in OSPS ba chóir páistí a spreagadh chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcuid oibre, agus chun féachaint an féidir an méid a bhíonn foghlamtha acu a aistriú go dtí staideanna ina saol féin.

## Páistí le riachtanais speisialta

Ba chóir go mbeadh deis ag gach páiste páirt a ghlacadh i raon iomlán de na heispéiris a sholáthraítear in OSPS agus tairbhe a bhaint astu. Le linn pleanála don OSPS ba chóir an raon difríochta laistigh den scoil a chur san áireamh i dtreo go dtabharfaí deis do gach páiste an tairbhe is mó a bhaint as an gclár.

## OSPS agus teanga

Cuireann OSPS comhthéacs ar fáil ina dtugtar deiseanna do pháistí a scileanna teanga i mBéarla, i nGaeilge nó i nuatheanga eile más cuí a fhorbairt agus a threisiú, agus an stór focal a bhaineann leis na gnéithe sóisialta, pearsanta agus sláinte dá saol a mhéadú. Trí cheisteanna cuí a chur, tuairimí a nochtadh, idéanna a iniúchadh nó freagairt a dhéanamh is féidir le páistí éirí líofa diaidh ar ndiaidh in úsáid teanga, agus cuid mhaith de na scileanna a bhíonn foghlamtha acu in achair eile den churaclam a fheabhsú. Beidh muinín agus cumas dá leithéid seo in úsáid teanga fíorthábhachtach mar cuirfidh sé ar chumas páistí, anois agus sna blianta rompu amach, teacht ar eolas riachtanach atá bainteach lena sláinte agus lena bhfolláine féin. Tig leis an éascaíocht seo cuidiú freisin le gaolmhaireacht dheimhneach a chruthú, mar treisíonn sí cumarsáid agus cothaíonn sí fíorthuiscint.

Tá iniúchadh teanga agus a húsáid i dtaca le daoine eile fíor-riachtanach in aon chlár in OSPS. Ba chóir do pháistí éirí feasach ar chumhacht agus ar thionchar teanga. Nuair a úsáidtear ar bhealach deimhneach í, tig le teanga duine eile a mhisniú, a dhearbhú agus urraim a thabhairt dó/di, ach má úsáidtear ar mhodh diúltach í, tig léi an duine a ghortú, a laghdú nó a ísliú. Caithfidh páistí na bealaí ina n-úsáideann siad féin teanga a aithint agus bheith mothálach fúthu ina ngaolmhaireacht agus ina n-idirghníomhú laethúil.

Tá teanga cumhachtach freisin toisc go gcruthaíonn sí agus go dtugann sí léargas ar chultúr. Trí OSPS is féidir le páistí tosú ar an gceangal idir teanga agus céannacht a léirthuiscint. Sholáthródh clár pleanáilte ar fud na scoile deiseanna do pháistí freisin an teanga a úsáidtear i meáin

chumarsáide éagsúla a iniúchadh agus na luachanna agus an dearcadh a bhíonn á gcur chun cinn agus á gcothú a aithint.

## OSPS agus teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Is féidir le TEC tacú le foghlaim agus teagasc OSPS sa seomra ranga. Tig le páistí féinmhuinín agus inspreagadh a fhorbairt trí ríomhairí a úsáid agus bheith eolach orthu. Is féidir gnéithe eile den OSPS, amhail foghlaim chun uainíocht a dhéanamh ar a chéile, roinnt agus comhoibriú le chéile a fhorbairt de réir mar a úsáideann páistí ríomhairí ar bhealach pleanáilte cuí. Is féidir le ríomhairí cabhrú go suntasach freisin le páistí a scileanna cinneacháin a threisiú agus cuidiú leo na cineálacha éagsúla teicneolaíochta a úsáid go dea-aithneach agus go tuisceanach.

Is féidir le páistí ríomhairí a úsáid in OSPS chun eolas ar thopaicí sainiúla a chnuasach nó chun sonraí a chur i gcóimheas agus a chur i láthair. Tá a lán dlúthdhioscaí a bhaineann le saincheisteanna sláinte agus sóisialta ar fáil agus soláthraíonn an t-idirlíon an-chuimse eolais nua-aimseartha freisin agus tig leis bealaí breise imscrúdaithe a léiriú. Le linn do pháistí bheith ag iniúchadh an idirlín agus ag úsáid ríomhphoist nó físchomhdhála, is féidir leo a dtuiscint do shaoránacht dhomhanda a threisiú agus raon leathan scileanna cumarsáide a chothú.

## Measúnú

Treoraíonn measúnú OSPS an múinteoir chun eispéiris fhoghlama an pháiste a fheabhsú agus bheith i gcónaí ag foirfiú agus ag forbairt an chláir chun go n-oirfeadh sé do riachtanais, d'achair spéise agus d'ábaltacht aonair. Tig leis cabhrú go suntasach le páistí a ndul chun cinn a mheas agus a ngnóthachtáil féin a aithint agus a léirthuiscint. Ós rud é nach nochtar mórán de bhuntáistí ná de thorthaí OSPS nó nach léirítear iad go ceann tamaill fhada tar éis don pháiste an scoil a fhágáil, baineann an measúnú leis an méid is féidir a mheas go héifeachtach le linn a c(h)uid ama ar scoil. Rianaíonn an roinn faoi mheasúnú cé mar is féidir dul chun cinn an pháiste in OSPS a dhéanamh amach, na huirlisí is oiriúnaí don ghnó seo agus an tslí inar féidir é a stiúradh sa bhunscoil.

## Aidhmeanna

Tá mar aidhmeanna ag oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte

- forbairt phearsanta agus fholláine an pháiste a chur chun cinn
- mothú cúraim agus measa ina leith féin agus i leith daoine eile a chothú sa pháiste mar aon le léirthuiscint ar dhínit an uile dhuine
- sláinte an pháiste a chur chun cinn agus bunús don bheatha shláintiúil ina gnéithe iomadúla a chur ar fáil
- a chur ar chumas an pháiste cinntí agus roghanna gaoiseacha a dhéanamh maidir le gnéithe sóisialta, pearsanta agus sláinte an tsaoil anois agus amach anseo
- mothú freagrachta sóisialta, gealltanas do shaoránacht ghníomhach rannpháirteach, agus léirthuiscint ar an saol daonlathach a fhorbairt sa pháiste
- a chur ar chumas an pháiste ómós a thabhairt d'éagsúlacht dhaonna is cultúir agus nádúr idirspleách an domhain a chiallú agus a léirthuiscint.

## Cuspóirí leathana

Tar éis aird chuí a bheith tugtha ar chumais intreacha agus ar thosca athraitheacha, ba chóir go gcuirfeadh an curaclam in OSPS ar chumas an pháiste

- féinmhuinín agus mothú deimhneach féinmheasa a bheith aige/aici
- mothú freagrachta pearsanta a fhorbairt agus tuiscint cheart ar a g(h)néasacht agus ar na próisis fháis, fhorbartha agus síolraithe a ghnóthú
- na scileanna sóisialta cumarsáide, comhoibrithe agus réiteach coimhlinte a fhorbairt agus a threisiú
- gaolmhaireacht thacúil a chruthú agus a choinneáil anois agus amach anseo
- tuiscint ar an mbeatha shláintiúil, cumas ar iompraíocht shláintiúil a chur i bhfeidhm, agus toilteanas chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a chothaíonn agus a choimeádann an tsláinte buan a fhorbairt
- braistint sábháilteachta a fhorbairt agus bheith in ann é/í féin a chosaint ar bhaol is ar mhí-úsáid
- cinntí a dhéanamh, fadhbanna a réiteach agus gníomhú go hoiriúnach i gcomhthéacsanna éagsúla pearsanta, sóisialta agus sláinte
- a bheith feasach ar na nithe éagsúla a mbíonn tionchar acu ar roghanna agus ar chinntí, agus bheith dea-aithneach fúthu
- tosú ar na luacha agus an dearcadh a bhíonn ag daoine aonair agus ag an tsochaí a aithint, a athbhreithniú agus a mheasúnú agus glacadh leis go mbíonn tionchar acu seo ar smaointe agus ar ghníomhartha
- meas a bheith aige/aici ar an imshaol agus mothú freagrachta maidir lena chúram fadtéarmach a fhorbairt
- roinnt de na scileanna agus den chumas atá riachtanach chun lánpháirt a ghlacadh i ngrúpaí agus sa tsochaí a fhorbairt
- a bheith feasach ar chuid de chearta agus de fhreagrachtaí an duine agus an phobail a eascraíonn as bheith ag maireachtáil i ndaonlathas
- tosú ar choincheapa na céannachta pearsanta, áitiúla, náisiúnta, Eorpaí agus domhanda a thuiscint
- an éagsúlacht atá sa tsochaí mar aon le cion tairbhe deimhneach grúpaí difriúla cultúrtha, reiligiúnacha agus sóisialta a léirthuiscint agus meas a bheith aige/aici orthu
- na luachanna is dual do shochaí chóir chomhbhách a chur chun cinn ar bhealach a oireann dá n-aois agus an tábhacht a bhaineann le tóraíocht na fírinne is na síochána a thuiscint.

## Ábhar do gach rang a phleanáil

### Struchtúr

Cuirtear ábhar an churaclaim in OSPS i láthair i dtrí shnáithe: *Mise, Mise agus daoine eile* agus *Mise agus an domhan mór*. Snáithaonaid a thugtar ar na ranna laistigh de gach snáithe, agus léirítear cuid de na cuspóirí le heiseamláirí. Tá na heiseamláirí seo i gcló iodálach agus is mar mholtaí amháin ba chóir iad a mheas.

### OSPS a chur i bhfeidhm sa scoil

Moltar go gcuirfí OSPS ar fáil i dteaglaim de thrí bhealach laistigh den scoil:

- cothaíonn *meon agus atmaisféar deimhneach scoile* sláinte agus folláine san uile bhall de phobal na scoile. Soláthraíonn sé timpeallacht shábháilte dhiongbháilte ina n-airíonn páistí muintearas agus inar feasach dóibh go gcuirtear cúraimí agus cúnamh tuismitheoirí, páistí agus múinteoirí san áireamh. Cothaíonn meon agus atmaisféar deimhneach scoile féinmhuinín agus féinfhiúntas agus cuireann sé gaolmhaireacht ómósach chomhbhách chun cinn ar fud na scoile. Ar an ábhar sin, soláthraíonn sé comhthéacs ina gcleachtar dáiríre an fhoghlaim a bhíonn déanta i raon ábhar, OSPS san áireamh, agus ina mbraitear ciall a bheith léi
- soláthraíonn *am scoile don OSPS* deis chun roinnt gnéithe den chlár a theagasc le linn tréimhsí ranga ainmnithe. Is féidir an t-am seo a úsáid chun scileanna áirithe a fhorbairt agus a chleachtadh agus déileáil le saincheisteanna mothálacha nó saincheisteanna nach dtugtar fúthu i ngnéithe eile den churaclam a iniúchadh. Chun an t-am seo a úsáid go héifeachtach bheadh sé níos oiriúnaí, b'fhéidir, an múinteoir é a eagrú i mbloic ama agus úsáid a bhaint as de réir mar is gá seachas cloí le tréimhse ainmnithe ama i ngach seachtain
- cuireann *cur chuige comhtháite* deis ar fáil chun déileáil le go leor gnéithe den OSPS i gcomhthéacs achar léinn atá bainteach leis. Trí mheán eispéiris fhoghlama ilghnéitheacha ar fud an churaclaim saothraíonn páistí i bhfochair a chéile, réitíonn siad fadhbanna, tagann siad ar chinntí, baineann siad leas as agallamh agus déanann siad machnamh criticiúil. Soláthraíonn roinnt achar léinn freisin an comhthéacs is oiriúnaí chun gnéithe faoi leith den OSPS a iniúchadh: mar shampla, d'fhéadfaí mothú cúraim agus measa i leith an imshaoil a chothú trí mheán na heolaíochta agus na staire, agus d'fhéadfaí sábháilteacht san uisce a iniúchadh go cuí sa chorpoideachas.

Réamhrá

## Clár leathan cothrom

Nuair a bhíonn clár OSPS á phleanáil ag an múinteoir, moltar dó/di roinnt ábhar teagaisc a roghnú as *gach* ceann de na trí mhórshnáithe in aon bhliain ar bith. D'fhéadfaí a dó nó a trí de shnáithaonaid a roghnú as an snáithe *Mise* agus snáithaonad amháin ar a laghad as an snáithe *Mise agus daoine eile* agus as *Mise agus an domhan mór*. Ar an lámh eile, d'fhéadfaí raon topaicí a bhainfí as gach ceann de na trí shnáithe a roghnú. Ba chóir an t-ábhar nach múinfí an chéad bhliain a bheith mar chuid de phleanáil an mhúinteora don bhliain dár gcionn.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí pleanáil ag leibhéal na scoile agus an ranga araon chun a chinntiú go léiríonn an clár cur chuige bíseach, mar a ndéantar athscrúdú ar ghnéithe cosúla ar bhealaí éagsúla de réir aois, chéim fhoráis agus ullmhacht an pháiste. San ábhar teagaisc a roghnaítear do gach rang, tá sé den riachtanas chomh maith go mbeadh cothromaíocht idir foghlaim scileanna, cothú agus iniúchadh dearcaidh agus forbairt tuisceana. Múnlóidh ethos na scoile an phleanáil don OSPS i gcónaí agus déanfar í a fhorbairt laistigh de chomhthéacs an phlean scoile.

Le linn ceisteanna mothálacha bheith á bplé, beidh sé riachtanach na leibhéil dhifriúla d'fhorbairt mhothúchánach agus fhisiceach na bpáistí a chur san áireamh agus an clár a chur in oiriúint dá réir sin. Maidir le hilranganna, tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfaighfí comhoibriú ó mhúinteoirí eile nó go ndéanfaí socruithe malartacha, lena chinntiú go ndéanfaí soláthar ar riachtanais aonair.

# Ranganna naíonán

# Foramharc



| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Mise | • Féinaithne<br>*Féinfheasacht*<br>*Ag forbairt féinmhuiníne*<br>*Ag déanamh cinntí*<br>• Ag tabhairt aire do mo chorp<br>*Bheith eolach ar mo chorp*<br>*Bia agus cothú*<br>• Ag fás agus ag athrú<br>*Athraím agus mé ag fás*<br>*Beatha nua*<br>*Braistintí agus mothúcháin*<br>• Sábháilteacht agus cosaint<br>*Sábháilteacht phearsanta*<br>*Saincheisteanna sábháilteachta* |
| Mise agus daoine eile | • Mise agus mo theaghlach<br>• Mo chairde agus daoine eile<br>• Caidreamh le daoine eile |
| Mise agus an domhan mór | • Ag forbairt saoránachta<br>*Pobal mo scoile*<br>*Ag maireachtáil sa phobal áitiúil*<br>*Cúram imshaoil*<br>*Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: eolaíocht agus tíreolaíocht*<br>• Oideachas na meán cumarsáide |

# Snáithe: Mise

## Snáithaonad Féinaithne

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Féinfheasacht

- na hairíonna uile is cúis le duine a bheith speisialta agus uathúil a phlé agus a léirthuiscint

  *ainm agus sloinne , méid, dath gruaige, gnéas, méarloirg, lá breithe*

- tosú ar chumais, scileanna agus buanna pearsanta a chiallú, a léirthuiscint agus a mhórluacháil

  *bheith mar chara, bheith comhoibritheach, cluichí a imirt*

- roghanna pearsanta a aithint agus a chlárú

  *nithe is maith liom agus nithe nach maith liom*

- a bheith feasach ar an saol mórthimpeall air/uirthi trí na céadfaí

### Ag forbairt féinmhuiníne

- a t(h)uairimí, a d(h)earcadh agus a roghanna féin a chur in iúl
- éirí níos féinmhuiníní agus níos neamhspheáiche

  *glacadh le freagracht as a s(h)ealúchas pearsanta*

  *ceisteanna ábhartha a chur chun soiléiriú a lorg*

  *tosú ar mhachnamh ar a c(h)uid foghlama agus a (h)eispéiris féin*

  *glacadh leis gur cuid den phróiseas foghlama iad botúin agus athiarracht*

  *tabhairt faoi thascanna nua go misniúil*

  *foghlaim conas airgead a shábháil*

- tús a chur le foghlaim conas déileáil le hathruithe difriúla de réir mar a tharlaíonn siad

  *ag aistriú go rang nua*

  *cara a chailliúint*

### Ag déanamh cinntí

- roinnt roghanna laethúla a dhéanann sé/sí féin a aithint mar aon leis na cinn a dhéanann daoine eile
- tosú ar fheasacht a fhorbairt maidir le tosca a mbeadh tionchar acu ar chinntí nó ar roghanna a dhéanfaí.

## Snáithaonad Ag tabhairt aire do mo chorp

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Bheith eolach ar mo chorp

- an gá atá le haire a thabhairt dá c(h)orp féin a léirthuiscint agus conas aire a thabhairt dó a chiallú d'fhonn é a choimeád sláintiúil folláin

  *aclaíocht agus gníomhaíocht rialta, dóthain codlata agus scíthe, réim chothrom bia, staidiúir cheart*

- meas a bheith aige/aici ar a c(h)orp féin agus ar choirp daoine eile
- codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha
- na rudaí éagsúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh a iniúchadh agus a phlé

  *gluaiseacht, mothú, machnamh, fás, leigheas*

- scileanna bunúsacha sláinteachais a aithint agus a chleachtadh

  *cleachtais sláinteachais phearsanta*

  *nósanna itheacháin sláintiúla*

  *scileanna bunúsacha maidir le é/í féin a ghléasadh agus aire a thabhairt d'éadaí a fhorbairt*

  *aire cheart a thabhairt d'fhiacla*

- a thuiscint go bhfuil roinnt freagrachta ar gach duine as aire a thabhairt dó/di féin

### Bia agus cothú

- a bheith feasach ar thábhacht bia le haghaidh fáis is forbartha

  *soláthraíonn bia fuinneamh chun oibre is súgartha, tugann bia cosaint in aghaidh tinnis, cuidíonn bia linn fás*

- an bia is rogha leis/léi a iniúchadh mar aon lena ról i réim chothrom bia

  *cineálacha raisíní, torthaí, glasraí, bianna atá mífholláin do dhaoine áirithe agus nach bhfuil do dhaoine eile*

- roinnt cáilíochtaí agus aicmí bia a phlé agus a iniúchadh

  *torthaí, glasraí, bianna is féidir a ithe don bhricfeasta, bianna a fhástar, bia a fhaightear as ainmhithe*

- tábhacht dea-shláinteachais agus bia á ullmhú chun ite a thuiscint.

## Snáithaonad Ag fás agus ag athrú

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Athraím agus mé ag fás

- cuid de na tosca a chuidíonn le fás a aithint

  *bia, grá, teas, aclaíocht, scíth, codladh, dearbhú, solas nádúrtha*

- a thuiscint gur cuid de phróiseas na beatha iad fás agus athrú agus go bhfuil siad seo uathúil i gcás gach duine

  *fisiceach*
  *méadú ar thomhas bróige, an gá le gruaig agus ingne a ghearradh go minic*

  *sóisialta*
  *idirghníomhú le daoine eile, roinnt, argóint, caint, súgradh le chéile*

  *intleachtúil*
  *líníocht, scríbhneoireacht, léitheoireacht, ceistiú, rudaí is féidir liom a dhéanamh dom féin*

  *spioradálta*
  *cothú ionaidh agus samhlaíochta trí na céadfaí, tosú ar mhachnamh, fónamh a bhaint as am ciúin*

- a aithint go méadaíonn ar an gcumas glacadh le freagracht as/aisti féin agus as daoine eile de réir mar a théann sé/sí in aois

### Beatha nua

- éirí feasach ar bheatha nua agus ar bhreith sa saol

  *fás nua san earrach*

  *ainmhithe óga á saolú*

- feasacht faoi bhreith dhaonna a fhorbairt

  *go bhfásann agus go gcothaítear leanbh i mbroinn na máthar go dtí go mbíonn sé/sí ullamh chun breithe*

- a aithint cad a theastaíonn ó leanaí chun cuidiú leo fás agus forbairt

  *grá, bia agus uisce go rialta, teas, clúidíní a athrú, folcadh cúramach, scrúdú dochtúra*

### Braistintí agus mothúcháin

- mothúcháin ilghnéitheacha a ainmniú agus labhairt faoi staideanna ina bhféadfaí dul tríothu

  *braistintí*

  *sonas, grá, áthas, scleondar, ionadh, eagla,*

  *cailliúint, éad, pian, uaigneas*

  *eispéiris*

  *ócáid mo lá breithe, nuair a thugaim faoi rud nua, mo chéad lá ar scoil*

- na slite ilghnéitheacha ina ndéantar braistintí a chur in iúl agus a bharraíocht a iniúchadh

  *cuachadh nó muirniú chun cion a chur in iúl, éirí dearg san aghaidh de bharr aiféaltais*

  *caoineadh de thoradh buartha nó eagla*

- tús a chur le mothálacht maidir le mothúcháin daoine eile agus a thuiscint gur féidir le gníomhartha duine amháin tionchar a imirt ar bhraistintí duine eile

- ócáidí a dtig leis/léi mothúcháin dheimhneacha a chothú ann/inti féin a iniúchadh agus a phlé

  *ag déanamh muintearais le duine nua, ag fáil cuiridh, ag fáil dearbhaithe.*

Snáithaonad

## Sábháilteacht agus cosaint

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Sábháilteacht phearsanta

- straitéisí oiriúnacha sábháilteachta a iniúchadh

  *a bheith eolach ar conas agus cathain ba chóir cabhair a lorg,*

  *a bheith eolach orthu siúd a n-iarrfaidh mé cabhair orthu, daoine iontaobhacha ar féidir liom labhairt leo*

  *gan dul ar fán leis/léi féin*

  *a bheith eolach ar cathain is ceart 'sea' nó 'ní hea' a rá le cairde nó le daoine fásta i staideanna éagsúla, m.sh. glacadh le síob*

  *m'ainm agus mo shloinne, mo sheoladh agus m'uimhir theileafóin a bheith ar eolas agam*

  *pointí suntasacha áitiúla a aithint*

- staideanna agus áiteanna atá sábháilte a aithint, chomh maith leo sin ina mbeadh sábháilteacht phearsanta i mbaol

  *bheith i gclós súgartha faoi mhaoirseacht, dul ar aeraíocht leis an teaghlach*

  *dul isteach in áiteanna neamhaithnide*

  *braistint neamhshábháilteachta i bhfochair daoine a iarrann air/uirthi rún doiligh a choimeád (rún a chuireann imní air/uirthi nó ar ábhar míchompoird é)*

- a thuiscint conas is féidir le daoine eile a áiteamh air/uirthi páirt a ghlacadh in iompar baolach

### Saincheisteanna sábháilteachta

- daoine a aithint atá freagrach as sábháilteacht i measc an phobail agus straitéisí sábháilteachta a fhoghlaim agus a chleachtadh d'fhonn an bóthar a thrasnú, an bus a úsáid nó bheith mar choisí

  *ag trasnú an bhóthair le duine fásta*

- a aithint agus a thuiscint go bhfuil gá le rialacha chun daoine a chosaint agus a choinneáil sábháilte

  *a m(h)ála scoile féin a thaisceadh, dul sa scuaine gan rith*

  *cód sláinteachais na scoile a leanúint*

- conas d'fhéadfaí tionóiscí a chosc sa bhaile, ar scoil, ar an bhfeirm nó san uisce a iniúchadh

  *nithe sa bhaile nó i dtimpeallacht na scoile atá baolach le haghaidh súgartha*

- a aithint go bhfuil go leor substaintí a bhíonn in úsáid sa bhaile nó sa scoil dainséarach agus gur chóir cead a lorg sula ndéanfaí an t-ábhar iontu a iniúchadh

  *ná leag lámh ar, ná blais, ná bolaigh substaintí anaithnide riamh*

- roinnt de na substaintí nó de na nithe a chuirtear ar an gcorp mar aon lena bhfeidhmeanna bainteacha a aithint

  *plástair, ungadh, taos nó ionlaigh*

- ócáidí mar a mbíonn gá le cógais, instealladh nó piollairí a iniúchadh chomh maith leis na rialacha sábháilteachta a bhíonn riachtanach nuair a bhíonn cógas á ghlacadh.

# Snáithe: Mise agus daoine eile

## Snáithaonad Mise agus mo theaghlach

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- na daoine a chomhdhéanann teaghlach a aithint agus a ainmniú agus a thuiscint nach mar a chéile gach aonad teaghlaigh

  *deartháir nó deirfiúr, tuismitheoir, caomhnóir, seanathair nó seanmháthair, gaol*

- a thuiscint gur ball de theaghlach é/í agus go bhfuil ionad agus ról ag gach duine laistigh de theaghlach
- na rudaí a dhéanann teaghlaigh in éineacht a iniúchadh

  *ag comhrá, ag ithe, ag obair, ag taisteal, ag siopadóireacht, ag súgradh, ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí scíthe le chéile*

- a thuiscint conas a thugann teaghlaigh aire, tacaíocht agus grá dá chéile
- an-chuid dena nithe is féidir a fhoghlaim sa bhaile a iniúchadh agus a aithint.

## Snáithaonad Mo chairde agus daoine eile

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- a c(h)airde féin a aithint, a phlé agus a mhórluacháil
- na gnéithe difriúla den chairdeas a phlé agus a scrúdú

  *ag comhrá lena chéile, ag caitheamh ama lena chéile, ag cabhrú lena chéile, ag roinnt lena chéile, bheith iontaobhach as a chéile*

- cairde scoile a aithint agus a mhórluacháil agus mar is féidir leo cabhrú lena chéile agus aire a thabhairt dá chéile

  *an páiste uaigneach a aithint agus a chuimsiú le linn am súgartha*

  *a bheith cóir, cothrom le linn bheith ag obair agus ag súgradh le daoine eile*

- na daoine uile a cheaptar a bheith speisialta, laistigh agus lasmuigh de mhuintir an teaghlaigh, a phlé agus a mhórluacháil

  *tuismitheoir, seanathair nó seanmháthair, deirfiúr, deartháir, comharsa, múinteoir*

- difríochtaí idir dhaoine a aithint agus a léirthuiscint agus bheith eolach ar conas déileáil le daoine eile le dínit is le meas
- iompar bulaíochta, cé a bhíonn páirteach ann agus cén tionchar a bhíonn aige ar dhaoine éagsúla a aithint agus a iniúchadh

  *an bulaí, an páiste atá ag fulaingt bulaíochta, an lucht féachana, teaghlach an fhulangaí*

- a thuiscint go mbíonn bulaíocht i gcónaí olc agus a bheith feasach ar cad ba chóir a dhéanamh má bhíonn sé/sí á b(h)ulaíocht nó má fheiceann sé/sí á himirt ar dhuine eile í.

## Snáithaonad Caidreamh le daoine eile

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- éisteacht le tuairimí daoine eile agus iad a fhreagairt
- iompraíocht bhriathartha agus neamhbhriathartha a úsáid chun feidhmeanna sóisialta a chomhlíonadh

  *ag cur daoine eile in aithne, ag gabháil buíochais, ag déanamh achainíocha*

- cúram agus aird, cúirtéis agus dea-bhéasa a chleachtadh le linn idirghníomhaíochta le daoine eile

  *ag déanamh uainíochta ar a chéile le linn éisteachta is labhartha*

- coimhlintí le daoine eile a réiteach

  *foghlaim conas:*

  *éisteacht le daoine eile*

  *leithscéalta a dhéanamh agus a ghabháil*

  *teacht chun comhghéillte agus maithiúnas a thabhairt.*

# Snáithe: Mise agus an domhan mór

## Snáithaonad Ag forbairt saoránachta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Pobal mo scoile

- ainm a scoile féin a aithint mar aon leis na daoine a chuidíonn le gnáthshaol na scoile
- a thuiscint go bhfuil gach duine tábhachtach agus go bhfuil a c(h)ion tairbhe uathúil luachmhar le déanamh aige/aici sa rang
- a aithint go bhfuil comhoibriú agus roinnt tábhachtach maille le bheith cóir i ngach gníomhaíocht sa rang agus sa scoil

  *ag foghlaim agus ag tuiscint conas saothrú agus súgradh le chéile i ngrúpa, ag sealaíocht*

- an gá le rialacha an ranga agus na scoile a choinneáil a aithint agus a thuiscint
- ilghnéitheacht na bpáistí sa rang agus sa scoil a iniúchadh agus ómós a thabhairt di

### Ag maireachtáil sa phobal áitiúil

- daoine nó grúpaí a fhreastalaíonn ar an bpobal áitiúil a aithint agus a léirthuiscint agus mar a threisíonn an chabhair a thugann siad mianach beatha daoine eile

  *cumann creidmheasa áitiúil, grúpaí do thuismitheoirí agus do mhamailínigh, cumainn spóirt*

- na rialacha laistigh de ghrúpa nó de phobal níos leithne a aithint agus bheith eolach orthu, na daoine a chosnaíonn na rialacha seo agus an tábhacht a bhaineann le géilleadh do na rialacha ar mhaithe le sábháilteacht daoine
- slite a mholadh chun cabhrú le daoine eile sa bhaile, sa scoil agus sa phobal áitiúil

  *fios a bheith aige/aici go bhféadfadh roinnt daoine sa phobal bheith i ngátar*

- a aithint go bhfuil cabhair shuntasach le tabhairt ag gach duine do bheatha an phobail

  *cúram an imshaoil áitiúil*

- tosú ar fheasacht a ghnóthú ar chéannacht áitiúil agus páirt a ghlacadh i gceiliúradh imeachtaí áitiúla agus taitneamh a bhaint astu

### Cúram imshaoil

- an t-imshaol a léirthuiscint agus a aithint go bhfuil freagracht ar bhonn pobail agus aonair ar gach duine as cosaint agus cúram an imshaoil

*Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: tíreolaíocht agus eolaíocht.*

## Snáithaonad Oideachas na meán cumarsáide

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- a aithint go bhfaigheann sé/sí eolas ó an-chuid foinsí difriúla

  *pictiúir, póstaeir, daoine eile, leabhair, nuachtáin, cártaí, an teilifís, an t-idirlíon*

- na cláir theilifíse, na físeáin agus na físchluichí is ansa leis/léi a aithint agus cúiseanna leis na roghanna a chur in iúl
- scéalta, leabhair agus rímeanna coitianta a iniúchadh agus roinnt de na pearsana agus a dtréithe tarraingteacha a phlé
- tosú ar na saghsanna difriúla teicneolaíochta eolais atá ar fáil a úsáid agus a iniúchadh
- tosú ar iniúchadh agus díospóireacht a dhéanamh faoin difríocht idir fógraí agus cláir

  *nithe atá fíor agus samhailteach*

  *ábhar na bhfógraí agus na gclár is fearr leis/léi.*

# Ranganna 1 agus 2

# Foramharc

ranganna 1 agus 2

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Mise | • Féinaithne<br>*Féinfheasacht*<br>*Ag forbairt féinmhuiníne*<br>*Ag déanamh cinntí*<br>• Ag tabhairt aire do mo chorp<br>*Bheith eolach ar mo chorp*<br>*Bia agus cothú*<br>• Ag fás agus ag athrú<br>*Athraím agus mé ag fás*<br>*Beatha nua*<br>*Braistintí agus mothúcháin*<br>• Sábháilteacht agus cosaint<br>*Sábháilteacht phearsanta*<br>*Saincheisteanna sábháilteachta* |
| Mise agus daoine eile | • Mise agus mo theaghlach<br>• Mo chairde agus daoine eile<br>• Caidreamh le daoine eile |
| Mise agus an domhan mór | • Ag forbairt saoránachta<br>*Pobal mo scoile*<br>*Ag maireachtáil sa phobal áitiúil*<br>*Cúram imshaoil*<br>*Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: eolaíocht agus tíreolaíocht*<br>• Oideachas na meán cumarsáide |

# Snáithe: Mise

## Snáithaonad Féinaithne

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Féinfheasacht

- léirthuiscint ar bhuanna, ar chumas agus ar thréithe pearsanta a fhorbairt agus labhairt mar gheall orthu
- na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir dhaoine a aithint agus a léirthuiscint
- roghnachas pearsanta, aislingí don todhchaí agus mianaidhmeanna a aithint agus a phlé
- éirí feasach ar an saol mórthimpeall air/uirthi trí na céadfaí

### Ag forbairt féinmhuiníne

- éirí níos neamhspleáiche agus níos féinmhuiníní

  *glacadh le freagracht as sealúchas pearsanta*

  *ag lorg cabhrach nuair is gá*

  *ag machnamh ar a c(h)uid foghlama agus a (h)eispéiris*

  *ag measúnú a d(h)ul chun cinn*

  *a thuiscint gur cuid den phróiseas foghlama é botúin a dhéanamh*

  *ag sábháil airgid, ag déanamh cúraim d'éadaí scoile*

- slite difriúla chun déileáil le hathrú a iniúchadh

  *ag lorg léirmhínithe, ag dul in oiriúint dó go mall*

- tuairimí agus roghanna pearsanta a nochtadh agus cuid daoine eile a admháil agus labhairt fúthu

### Ag déanamh cinntí

- roghanna a dhéantar gach lá a aithint agus machnamh a dhéanamh orthu
- na tosca a mbeadh tionchar acu ar chinnteoireacht nó roghanna pearsanta a phlé
- a thuiscint go n-éilíonn páirtíocht i gcinnteoireacht níos mó freagrachta pearsanta

  *ag teacht ar an tuiscint go dtabharfar deiseanna breise chun roghanna a dhéanamh de réir mar a thuilltear agus a choinnítear iontaoibh daoine eile.*

## Snáithaonad Ag tabhairt aire do mo chorp

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Bheith eolach ar mo chorp

- an gá le haire a thabhairt dá c(h)orp féin a léirthuiscint agus conas aire a thabhairt dó a chiallú d'fhonn é a choimeád sláintiúil folláin

  *codladh agus sos rialta, réim chothrom bia, aclaíocht rialta, tráthanna ciúine, scíth, staidiúir cheart*

- a thábhachtaí atá sé caitheamh leis an gcorp le meas agus le dínit a aithint
- na rudaí éagsúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh a iniúchadh

  *feiceáil, cloisteáil, gluaiseacht, análú, fuinneamh a ghiniúint, mothú, smaoineamh*

- codanna den chorp fireann is den chorp baineann a ainmniú, ag úsáid téarmaí anatamaíocha oiriúnacha, agus roinnt dá bhfeidhmeanna a aithint
- scileanna bunúsacha sláinteachais a shaothrú agus a chleachtadh

  *torthaí drochshláinteachais phearsanta a phlé agus a iniúchadh*

  *nósanna sláintiúla itheacháin a chleachtadh agus a fhoghlaim*

  *cúram éifeachtach na bhfiacla a chleachtadh*

- a aithint nach foláir do gach duine glacadh le freagracht áirithe as aire a thabhairt dó/di féin
- éirí feasach ar chomh héasca agus a scaipeann galrú agus an tábhacht a bhaineann le cloí le cód sláinteachais
- cuid de na substaintí a thógtar isteach sa chorp a aithint agus a scrúdú mar aon le gnó agus feidhm gach ceann díobh

### Bia agus cothú

- tábhacht bia i gcothú fáis, i mbuanú sláinte agus i soláthar fuinnimh a iniúchadh
- a thuiscint go bhfuil cothromaíocht, rialtacht agus measarthacht riachtanach sa réim bia

  *pirimid an bhia, an gá le réim chothrom bia, an tábhacht atá le hoiread cuí leachtanna a ól, bia atá mífholláin do dhaoine áirithe ach nach bhfuil do dhaoine eile*

- roinnt de na bianna a fhaightear as foinsí plandúla is ainmhíocha a aithint
- dea-shláinteachas a aithint agus a chleachtadh nuair a bhítear ag plé le bia.

## Snáithaonad Ag fás agus ag athrú

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Athraím agus mé ag fás

- tosú ar na tosca fisiceacha, mothúchánacha, sóisialta agus spioradálta a chuidíonn le fás a aithint

  *grá, bia, teas, fothain, cumarsáid, cairdeas, codladh*

- a thuiscint go dtarlaíonn fás ar an-chuid slite difriúla agus gur rud sainiúil é i gcás gach duine

  *fisiceach*
  *ag éirí ró-mhór d'éadaí is do bhróga*

  *sóisialta*
  *cairde nua á n-aimsiú, ag dul isteach i gcumainn, ag glacadh páirt i spóirt le chéile, an cumas cumarsáide ag méadú*

  *intleachtúil*
  *scileanna agus cumais intinne ag feabhsú*

  *spioradálta*
  *ag éirí níos machnamhaí, ag baint taitnimh as am suaimhneach ar feadh tréimhsí níos faide, ag mothú iontais trí na céadfaí*

- a thuiscint go mbíonn freagracht bhreise as/aisti féin agus as daoine eile mar thoradh ar bheith ag fás suas

  *ag ullmhú a lóin féin, ag cur éadaí scoile i dtaisce, ag cuidiú le cothú páiste atá níos óige*

### Beatha nua

- dul i gceann tuisceana gur gnéithe den saolré uile iad síolrú, breith, beatha, fás agus bás
- a bhfuil riachtanach chun soláthar do agus aire a thabhairt don naí nuabheirthe sa saol ainmhíoch agus daonna araon a thuiscint

  *grá, cothú rialta, clúidíní a athrú,*

  *folcadh cúramach, scrúdú dochtúra*

- na rólanna éagsúla atá ag tuismitheoirí agus ag baill eile teaghlaigh maidir le soláthar do naíonáin nuabheirthe a thuiscint

  *grá, am, fuinneamh, ag labhairt leis an naíonán, airgead, foighne*

## Braistintí agus mothúcháin

- raon leathan de bhraistintí a ainmniú agus a aithint agus braistintí a phlé agus a iniúchadh i dtosca éagsúla

  *nuair a aistríodh mé go dtí rang nua, nuair a saolaíodh mo dheartháir/dheirfiúr, nuair a fuair mé spéaclaí den chéad uair, nuair a thug me faoi rud éigin nua, nuair a eisíodh mé*

- na slite éagsúla inar féidir braistintí a chur in iúl agus déileáil leo a thuiscint agus a iniúchadh agus rogha a dhéanamh ar na slite is oiriúnaí agus is so-ghlactha

  *cion*
  *ag croitheadh láimhe, ag cuachadh*

  *fearg*
  *ag caoineadh, ag insint do dhuine éigin go bhfuil fearg orm*

  *cailliúint*
  *ag caoineadh, ag fanacht ciúin, ag lorg cabhrach*

  *gortú*
  *leithliseach, feargach, leithscéal a iarraidh*

- daoine a aithint lena bhféadfadh sé/sí braistintí agus mothúcháin a phlé
- a bheith feasach ar, agus bheith in ann, bealaí folláine a roghnú chun bheith measúil air/uirthi féin
- na mothúcháin éagsúla a athraíonn agus duine ag fás a iniúchadh

  *cad a chuir ag gáire mé i m'óige, na rudaí a scanraigh mé i m'óige, na rudaí is greannmhar liom anois nó a chuireann ag gol mé*

- a aithint gur féidir le gníomhartha duine amháin tionchar a imirt ar bhraistintí daoine eile.

## Snáithaonad Sábháilteacht agus cosaint

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Sábháilteacht phearsanta

- staideanna ina mbraitheann páistí sábháilte mar aon leo siúd ina bhféadfadh sábháilteacht bheith i bhfiontar a aithint agus a iniúchadh

  *dul ar strae, bheith fágtha im'aonar*

  *dul i dteagmháil le substaintí neamhshábháilte nó anaithnide*

  *bheith i bhfochair daoine a mbraithim i mbaol uathu agus mé leo*

  *tadhaill neamhoiriúnacha nó neamhshábháilte, iarrtar orm rún doiligh a choimeád (rún ar ábhar imní nó míchompoird agam é)*

- straitéisí oiriúnacha chun déileáil leis na staideanna seo a phlé agus a chleachtadh

  *bheith teanntásach, ag insint ruda do dhuine iontaofa,*

  *ag cur glao teileafóin, ag iarraidh cabhrach, bheith eolach ar cathain rún a scaoileadh, bheith eolach ar conas cabhair a lorg, fíor agus bréag-dhainséir a idirdhealú ó chéile, ag cloí le rialacha a cheapann daoine eile, pointí suntasacha áitiúla a aithint*

  *ag aithint daoine arb é a ndualgas é/í a choimeád sábháilte*

- an tslí inar féidir le daoine eile a áiteamh air/uirthi páirt a ghlacadh in iompraíocht neamhshábháilte a iniúchadh agus conas is féidir é seo a chur ar ceal

- iompraíocht chontúirteach a aithint agus na torthaí deimhneacha is diúltacha a leanann í a scrúdú

  *ag caitheamh tobac, ag triail gníomhaíochta nó cluiche nua*

### Saincheisteanna sábháilteachta

- straitéisí chun bheith sábháilte le linn taistil a fhorbairt agus a chleachtadh

  *bheith eolach ar na rialacha maidir le taisteal i gcarr, i mbus nó ar rothar*

  *ag trasnú an bhóthair le duine fásta*

  *ag géilleadh dóibh siúd atá freagrach as sábháilteacht sa phobal*

- bheith eolach agus tuisceanach ar an ngá chun cloí le rialacha sábháilteachta a bhfuil feidhm acu sa scoil, sa bhaile, ar an bhfeirm, san uisce, ar mhaithe lena s(h)ábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile

- áiteanna atá sábháilte le haghaidh súgartha a aithint agus an tábhacht atá le roghnú iompraíochta atá freagrach agus cothrom le linn súgartha a thuiscint

- a aithint cad is ciontach le timpistí agus cad is féidir a dhéanamh chun iad a chosc

  *gan imirt le fearas ná le hinnealra atá dainséarach, ceannbheart cosantach a chaitheamh*

- ócáidí a mbíonn gá le leighis a aithint agus a iniúchadh

  *cúiseanna le leighis a ghlacadh, braistintí sula nglactar an leigheas agus braistintí ina dhiaidh sin, cé a dháil an leigheas, na rialacha sábháilteachta a bhaineann le leigheas a ghlacadh*

- substaintí sa bhaile nó ar scoil atá sábháilte a idirdhealú uatha sin atá dainséarach agus cead a lorg sula n-iniúchtar iad

  *leasacháin, alcól, glantaigh.*

## Snáithe: Mise agus daoine eile

### Snáithaonad Mise agus mo theaghlach

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- iad siúd a chónaíonn sa bhaile a ainmniú agus labhairt fúthu agus a aithint nach ionann gach baile agus gach teaghlach

  *ainmneacha pearsanta, gnéas, cuntas fisiceach, saintréithe*

- a ról agus a (h)áit sa teaghlach a aithint mar aon leis an gcabhair a thugann gach ball den teaghlach
- a t(h)eaghlach féin a léirthuiscint agus bealaí a aithint inar féidir le baill teaghlaigh cabhrú agus tacú lena chéile agus aire a thabhairt dá chéile
- go leor de na rudaí a fhoghlaimítear i dteaghlaigh, rudaí praiticiúla agus rudaí nach iad, a iniúchadh.

### Snáithaonad Mo chairde agus daoine eile

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- cairde pearsanta a phlé agus an fáth a mbaineann sé/sí taitneamh as bheith ina dteannta
- cáilíochtaí agus scileanna atá bainteach le cairdeas a aithint, a iniúchadh agus a phlé

  *ag caitheamh ama le chéile*

  *ag caint, ag súgradh, ag taisteal le chéile*

  *ag maitheamh dá chéile, bheith iontaobhach as a chéile, bheith mothálach faoi bhraistintí cairde*

- an bealach inar féidir le cairde tionchar a imirt ar ghníomhartha is ar chinntí pearsanta a iniúchadh

  *ag cinneadh ar rogha shláintiúil itheacháin, ag aonrú comrádaí ranga, ag cur fáilte roimh núíosach, ag dul i bhfiontar, ag áiteamh ar dhuine tobac a chaitheamh, ag úsáid cainte mí-oiriúnaí*

- fios a bheith aige/aici conas déileáil le daoine le dínit is le meas

  *ag glaoch a n-ainm ceart ar dhaoine, meas a bheith ar shealúchas pearsanta daoine eile, ag cleachtadh cúraim agus machnaimh, cúirtéise agus dea-bhéasa le linn idirghníomhaithe le daoine eile*

- iompar bulaíochta a aithint agus a iniúchadh, cé a bhíonn páirteach ann agus a iarmhairt ar dhaoine difriúla

  *an bulaí, an páiste atá ag fulaingt bulaíochta, an lucht féachana*

- a thuiscint go mbíonn bulaíocht i gcónaí olc agus a bheith feasach ar cad ba chóir a dhéanamh má bhíonn sé/sí á b(h)ulaíocht nó má fheiceann sé/sí á himirt ar dhuine eile í.

## Snáithaonad

### Caidreamh le daoine eile

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- iompraíocht bhriathartha agus neamhbhriathartha a idirdhealú ó chéile agus mar a úsáidtear iad i gcomhlíonadh feidhmeanna sóisialta a thuiscint

  *á c(h)ur féin agus daoine eile in aithne*

  *ag cur imní agus léirthuiscint in iúl*

  *ag cur buíochais in iúl, ag cur ceisteanna, ag tairiscint cabhrach*

- éisteacht lena mbíonn á rá ag daoine eile, é a chloisteáil agus a fhreagairt

  *ag glacadh le cibé moladh agus dearbhú a fhaightear*

- eispéiris, tuairimí agus braistintí a chur in iúl agus a chlárú ar shlite éagsúla

  *trí:*

  *teanga ó bhéal, drámaíocht agus tobchumadh, líníocht, péinteáil, ceol*

- an chaoi le coimhlint a láimhsiú gan bheith ionsaitheach a iniúchadh agus a chleachtadh

  *ag éisteacht le agus ag machnamh ar dhearcadh daoine eile*

  *ag cur a d(h)earcaidh féin i láthair go soiléir*

  *ag féachaint le háiteamh ar dhaoine agus comhréiteach leo*

  *ag gabháil leithscéil nó ag glacadh le leithscéal*

  *iompraíocht threallúsach a chleachtadh le linn déileála le daoine eile.*

# Snáithe: Mise agus an domhan mór

## Snáithaonad Ag forbairt saoránachta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Pobal mo scoile

- an bhrí atá le bheith ina b(h)all de phobal na scoile a iniúchadh agus roinnt de na grúpaí éagsúla a bhféadfadh sé/sí bheith ina b(h)all díobh a aithint

    *teaghlach, rang, scoil, sráidbhaile, baile mór, cathair,*

    *club, paróiste*

    *gníomhaíochtaí a chothaíonn mothú cumainn*

    *tionscadail, cluichí, coirmeacha ceoil, am do leabhair*

- ainm agus suíomh a scoile féin a aithint agus a scríobh agus iad siúd ar de phobal na scoile iad a aithint
- an bealach ina bhféadfadh cúnamh deimhneach ón uile dhuine an rang nó an scoil a fheabhsú ar mhaithe le cách a phlé agus a léirthuiscint
- a bheith páirteach i gcumadh rialacha an tseomra ranga agus an tábhacht a bhaineann le cloí leis na rialacha seo ar mhaithe le sábháilteacht chách a aithint
- páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí grúpa sa rang agus foghlaim conas roinnt, comhoibriú, éisteacht, saothrú agus súgradh le chéile

    *saincheisteanna gnéaschothromaíochta a thiocfadh i gceist le cairde is le daoine eile a iniúchadh*

    *cothroime a chleachtadh le linn bheith ag súgradh nó ag obair le chéile, ag déanamh sealaíochta*

### Ag maireachtáil sa phobal áitiúil

- dul i gceann tuisceana ar an gcaoi a mbraitheann daoine ar a chéile in an-chuid gnéithe den saol

    *d'fhéadfadh roinnt daoine sa phobal bheith i ngátar nó*

    *aire speisialta bheith ag teastáil uathu*

- tuiscint a fhorbairt gur ball dá p(h)obal áitiúil féin é/í

    *ceiliúradh imeachtaí áitiúla a aithint, páirt a ghlacadh iontu agus sult a bhaint astu*

- bheith feasach agus léirthuisceanach ar ilghnéitheacht na gcultúr is na ndaoine sa phobal áitiúil, an chabhair a thugann siad a aithint agus bheith feasach ar an gcaoi ar féidir le difríochtaí a (h)eispéiris féin a shaibhriú
- feasacht faoi dhaoine in áiteanna eile a fhorbairt

    *pobail eile, bailte eile, tíortha eile*

- iad siúd a bhfuil freagracht faoi leith orthu as aire a thabhairt do dhaoine sa phobal a aithint mar aon le tábhacht na cabhrach a thugann an uile dhuine do shaol an phobail

### Cúram imshaoil

- an t-imshaol a léirthuiscint agus a aithint go bhfuil freagracht ar bhonn pobail agus aonair ar gach duine as cúram agus cosaint an imshaoil.

*Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: eolaíocht agus tíreolaíocht.*

## Snáithaonad Oideachas na meán cumarsáide

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- éirí feasach ar na slite difriúla inar féidir eolas a chur in iúl agus foghlaim mar gheall orthu

  *na meáin chlóbhuailte, raidió, teilifís, idirlíon, dlúthdhioscaí*

- tosú ar idirdhealú a dhéanamh ar fhíricí agus fhicsean i scéalta nó suímh i bhfoirmeacha éagsúla de na meáin

  *teilifís, páipéar grinn nó iris, leabhar scéalta, físeán*

  *deirí nua nó difriúla a chruthú do scéalta nó do rímeanna coitianta*

  *an clár teilifíse, an físeán, an t-amhrán is fearr leis/léi a aithint*

  *an t-ábhar i gcláir, i bhfógraí, i bhfíseáin, i ndlúthdhioscaí éagsúla a iniúchadh*

- fógraíocht a dhírítear go speisialta ar pháistí a phlé agus a iniúchadh

  *ag aithint:*

  *an difríocht idir fógraí agus cláir ó thaobh ábhair, na fógraí is fearr leis/léi*

  *cuspóir an fhógra.*

# Ranganna 3 agus 4

# Foramharc

ranganna 3 agus 4

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Mise | • Féinaithne<br>*Féinfheasacht*<br>*Ag forbairt féinmhuiníne*<br>• Ag tabhairt aire do mo chorp<br>*Sláinte agus folláine*<br>*Bheith eolach ar mo chorp*<br>*Bia agus cothú*<br>• Ag fás agus ag athrú<br>*Athraím agus mé ag fás*<br>*Beatha nua*<br>*Braistintí agus mothúcháin*<br>• Sábháilteacht agus cosaint<br>*Sábháilteacht phearsanta*<br>*Saincheisteanna sábháilteachta*<br>• Ag déanamh cinntí |
| Mise agus daoine eile | • Mise agus mo theaghlach<br>• Mo chairde agus daoine eile<br>• Caidreamh le daoine eile<br>*Ag déanamh cumarsáide*<br>*Ag réiteach coimhlinte* |
| Mise agus an domhan mór | • Ag forbairt saoránachta<br>*Pobal mo scoile*<br>*Pobail áitiúla agus pobail níos leithne*<br>*Cúram imshaoil*<br>*Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: eolaíocht agus tíreolaíocht*<br>• Oideachas na meán cumarsáide |

# Snáithe: Mise

## Snáithaonad Féinaithne

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Féinfheasacht

- tréithe, cáilíochtaí, buanna, lochtanna, achair spéise agus tréithe pearsantachta ar leith a aithint, cur síos orthu agus iad a phlé
- na tosca a théann i gcion ar a f(h)éiníomhá a iniúchadh

  *mar a bhraithim faoi mo chorp féin agus faoi mo chumas, íomhánna san fhógraíocht agus sna meáin chumarsáide, léirmheas ó dhaoine eile*
- cuspóirí agus spriocanna pearsanta réalaíocha a aithint agus mar is féidir iad seo a chur i gcrích go gearrthéarmach agus go fadtéarmach
- a aithint go bhfuil cuidiú sainiúil le tabhairt ag gach duine do ghrúpaí, do shuímh agus do chairdis éagsúla
- roghnachas pearsanta, aislingí don todhchaí agus mianaidhmeanna a aithint

### Ag forbairt féinmhuiníne

- a c(h)uid foghlama féin a threisiú

  *ag lorg cabhrach nuair is gá*

  *ag rá 'Ní thuigim', ag cur ceisteanna d'fhonn soiléiriú a lorg de réir mar is gá, ag machnamh ar a f(h)oghlaim agus a (h)eispéireas féin*

  *ról gníomhach á ghlacadh i dtionscadal nó in imeacht sa rang nó sa scoil*

  *a aithint gur cuid thábhachtach den phróiseas fáis é botúin a dhéanamh agus foghlaim uathu*
- tuairimí, braistintí, smaointe agus idéanna pearsanta a chur in iúl le muinín bhreise

  *dearcadh, tuairimí agus braistintí daoine eile a chur san áireamh*
- éirí níos féinmhuiníní agus é/í ag déileáil le hathrú agus le suímh nach bhfuil sé/sí ina dtaithí

  *ag dul isteach i gclub nua, ag déanamh cairdis le daoine nua, ag aistriú tí, foirne agus cluichí*
- éirí freagrach agus neamhspleách diaidh ar ndiaidh

  *ag sábháil airgid, ag tabhairt aire dá f(h)earas spóirt pearsanta, ag cur slachta ar a s(h)eomra féin*

  *ag baint a cheart amach, bheith in ann gearán a dhéanamh agus sásamh a lorg.*

## Snáithaonad Ag tabhairt aire do mo chorp

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Sláinte agus folláine

- an bhrí atá le bheith sláintiúil agus le stíl mhaireachtála chothrom a chleachtadh, a chiallú agus a léirthuiscint

  *bheith fuinniúil, bheith i ndea-fhoirm, bheith díograiseach, dearcadh deimhneach a chleachtadh,*

  *réim chothrom bia a chleachtadh, cairde a bheith aige/aici, dea-staidiúir a chleachtadh*

- a thuiscint go bhfuil freagracht ar gach duine as a s(h)láinte féin agus go méadaíonn ar an bhfreagracht sin de réir mar a théann sé/sí in aois

  *éadaí fliucha a athrú, lón cuí a ithe, aclaíocht oiriúnach coirp a chleachtadh go rialta, obair agus súgradh a bheith ar cothrom, staidiúir cheart a chleachtadh,*

  *an craiceann a chosaint ar ghathanna dainséaracha gréine*

- tosú ar straitéisí a fhorbairt chun déileáil le himní nó le deacrachtaí éagsúla a thiocfaidh roimhe/roimpi

  *díomá, brú ó phiaraí, bulaíocht, tinneas*

- bheith feasach ar an mbaol a bhaineann le húsáid tobac nó alcóil agus na cúiseanna go dtogródh daoine iad a úsáid a iniúchadh

- míniú an fhocail 'druga' a aithint agus a thuiscint agus cathain a bhíonn sé oiriúnach nó mí-oiriúnach drugaí a thógáil

  *ag foghlaim gur substaintí iad drugaí a athraíonn an tslí ina n-oibríonn an corp agus, go minic, an intinn; is druga é gach leigheas ach ní leigheas é gach druga*

- substaintí ilghnéitheacha a thógtar isteach sa chorp nó a chuirtear ar an gcorp a aithint agus a rangú maidir leo siúd atá cabhrach nó díobhálach, dleathach nó mídhleathach

  *nicitín, bia, alcól, leachtanna, braonta sróine, spraenna*

- roinnt daoine a phléann le sláinte agus le leas ginearálta a aithint agus a phlé

  *dochtúir, banaltra, teiripeach teanga, poitigéir, radharceolaí, coslia, fiaclóir*

### Bheith eolach ar mo chorp

- an tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt dá c(h)orp féin agus caitheamh lena c(h)orp féin, mar aon le coirp daoine eile, le dínit agus le meas, a thuiscint

- na hathruithe fisiceacha atá ag tarlú sa chorp fireann agus sa chorp baineann a thuiscint

  *airde agus meáchan ag méadú, neart breise, buachaill ag fás ina fhear, cailín ag fás ina bean*

- a aithint nach dtarlaíonn na hathruithe seo ag an am céanna ach gur féidir iad a thuar agus go bhfuil siad nádúrtha mar sin féin, agus gur nádúrtha an rud é bheith difriúil

  *glacadh lena c(h)orpíomhá féin*

  *bheith mothálach maidir lena p(h)atrúin fháis agus fhorbartha féin agus le patrúin daoine eile*

- dea-shláinteachas pearsanta a aithint agus a chleachtadh, bheith eolach ar conas a choinnítear é agus a thábhacht in idirghíomhaíocht shóisialta a thuiscint

- an gaol idir sláinte agus sláinteachas a thuiscint agus a iniúchadh

  *baictéir agus víris á dtarchur, ionfhabhtú agus galair á scaipeadh*

- na torthaí díobhálacha a bhíonn ar bhuanchruthú de réir gnéis a aithint agus a thuiscint go bhféadfadh na torthaí seo a bheith níos áibhéalta de réir mar a éiríonn na difríochtaí fisiceacha idir fir is mná níos soiléire

## Bia agus cothú

- idirdhealú a dhéanamh idir réim shláintiúil agus réim mhíshláintiúil bia agus ról na cothromaíochta agus na measarthachta a léirthuiscint

  *na cothaithigh atá riachtanach i réim chothrom bia a aithint*

  *mar a chuireann réim chothrom bia le fás, le gníomhú agus le forbairt*

- an rogha leathan bia atá ar fáil a aithint agus bia a rangú sna ceithre phríomhghrúpa bia mar aon lena n-ionad i bpirimid an bhia

  *arán, prátaí, gránbharra*

  *torthaí agus glasraí*

  *bainne, cáis, iógart*

  *feoil, iasc agus roghanna eile*

- riachtanais bhia a (h)aoisghrúpa féin mar aon le grúpaí eile sa tsochaí a scrúdú
- roinnt de na tosca a mbíonn tionchar acu ar thomhailt táirgí difriúla bia a iniúchadh

  *cur i láthair agus pacáistiú, seilf-ré, fógraíocht, táirgí a allmhairítear nó a dhéantar sa bhaile, praghas, éileamh an úsáidire*

- an tábhacht a bhaineann le sláinteachas ceart bia a phlé agus a scrúdú.

Snáithaonad

## Ag fás agus ag athrú

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Athraím agus mé ag fás

- a thuiscint go bhfuil fás agus athrú leanúnach ar feadh an tsaoil
- na scileanna agus an cumas atá gnóthaithe a aithint mar aon leis na hachair spéise agus an caitheamh aimsire a tógadh ar láimh le tamall de bhlianta anuas

  *ag forbairt scileanna spóirt, ag imirt fichille, ag léamh,ag forbairt cumas machnaimh criticiúil, ag aimsiú cairde nua, ag dul isteach i gcumainn*

- na hathruithe mothúchánacha a tharla ó naíonacht i leith a aithint

  *nuair a bhíonn gá agam le rud éigin—a ndearna mé ansin agus a ndéanaim anois*

  *nuair a bhíonn eagla orm—a ndearna mé ansin agus a ndéanaim anois*

- an tslí a mbíonn tionchar ag athruithe fisiceacha a tharlaíonn le linn caithreachais ar bhraistintí agus ar mhothúcháin a aithint agus a phlé*

  *ag mionghháire de thoradh gortaithe nó feirge*

  *ag cúbadh chuige/chuici féin de thoradh eagla*

- mar a tharla forbairt spioradálta le blianta beaga anuas a aithint

  *ag éirí níos machnamhaí, am ciúin á úsáid agus á léirthuiscint, ag éirí níos feasaí trí iniúchadh na gcéadfaí, ag leanúint le húsáid a s(h)amhlaíochta agus le bheith ag déanamh iontais*

- tosú ar an ngá le spás agus le príobháid sa saol a léirthuiscint

  *an gá le teorainneacha pearsanta, deiseanna le haghaidh spáis gan tranglam a bheith ar fáil*

  *deiseanna chun obair aonair a dhéanamh a bheith ar fáil*

- a thuiscint conas a bhíonn neamhspleáchas agus freagrachtaí ag dul i méid i gcónaí

  *ag roghnú a (h)ábhair léitheoireachta féin*

  *ag déanamh tascanna dó/di féin agus do thuismitheoirí*

  *iontaoibh a bheith as/aisti*

### Breith agus beatha nua

- céimeanna agus ord foráis an linbh dhaonna ó ghiniúint go breith a phlé*
- a aithint cé chomh cúramach is a chaithfear a bheith nuair a bhítear ag fanacht le breith linbh

  *réim bia, scíth, grá, tacaíocht agus ról ball teaghlaigh eile, idirghabháil leighis*

- léirthuiscint ar iontas an linbh nua-shaolaithe a fhorbairt.

**É seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs ethos na scoile agus an phlean scoile.*

## Braistintí agus mothúcháin

- labhairt faoi agus machnamh a dhéanamh ar raon leathan braistintí agus mothúchán agus ar na suímh éagsúla ina n-aireofaí iad mar aon leis an tslí ina gcuirfí in iúl iad

  *pointí 'arda is ísle': imeacht spóirt, bronnadh duaiseanna, aistriú ar shiúl, gan duais a bhaint amach, gan áit ar fhoireann a ghnóthú*

- braistintí tréana a aithint agus foghlaim conas iad a chur in iúl agus déileáil leo ar bhealach cuí sóisialta

  *grá, náire, cúthaileacht, rath, sonas, scleondar, frustrachas, éad, fearg, buile, cailliúint, faltanas, á 'c(h)ur faoi chois'*

  *ag lorg cabhrach ag am agus ar bhealach oiriúnach,*

  *ag ainmniú agus ag plé na braistinte,*

  *ag moilliú, gníomh oiriúnach á dhéanamh*

- an difríocht idir riachtanais agus mianta a aithint agus a thuiscint de réir a chéile gur féidir nó gur cóir luachanna saothair agus eispéiris áirithe a chur ar athló go fóill

  *an gceannóidh mé rud éigin le mo chuid airgid anois nó an ndéanfaidh mé é a shábháil ar mhaithe le ní éigin níos tairbhí amach anseo?*

- an tslí inar féidir le braistintí tionchar a imirt ar bheatha duine a iniúchadh

  *mar a d'fhéadfadh gníomh aonair cur isteach ar bhraistintí duine eile a aithint*

  *mar is féidir le fíorbhraistintí a bheith ceilte ar dhaoine eile uaireanta a aithint.*

## Snáithaonad Sábháilteacht agus cosaint

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Sábháilteacht phearsanta

- na rialacha atá sa scoil, sa teaghlach agus sa tsochaí a iniúchadh agus cé chomh tábhachtach agus atá sé cloí leis na rialacha seo ar mhaithe lena s(h)ábháilteacht féin agus le sábháilteacht daoine eile

  *a thuiscint gur féidir le gníomh aonair daoine eile a choimeád sábháilte nó a sábháilteacht a chur i mbaol*

- daoine, áiteanna agus staideanna a d'fhéadfadh sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint

  *bulaithe, cruinnithe móra, tadhall neamhoiriúnach á dhéanamh, iarrtar orm rún doiligh a choimeád (rún ar ábhar imní nó míchompoird é)*

- tosú ar thorthaí iompraíochta contúirtí a mheasúnú

  *ag caitheamh toitín, ag blaiseadh alcóil,*

  *ag dreapadh balla*

- dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhásann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/í i bhfochair daoine eile a fhorbairt agus cloí leis

  *bheith treallúsach*

  *conas agus cathain is ceart cabhair a lorg a thuiscint,*

  *ag insint do dhaoine atá iontaofa*

  *bheith feasach ar sheirbhísí éigeandála agus conas teagmháil a dhéanamh leo*

  *ag insint do dhuine éigin cá bhfuil a t(h)riall i gcónaí*

  *ag cloí le rialacha faoi áiteanna neamhshábháilte*

  *gan glacadh le breabanna ó aon duine nó gan glacadh le síoba ó dhaoine neamhúdaraithe.*

### Saincheisteanna sábháilteachta

- a bheith feasach ar chontúirtí féideartha taistil agus ar an ngá le hiompraíocht fhreagrach le linn taistil
- iompraíocht fhreagrach a chur i bhfeidhm le linn súgartha agus bheith eolach ar na modhanna oiriúnacha sábháilteachta ba chóir a chleachtadh le linn súgartha

  *staideanna*
  *san uisce, sa bhaile, i gclós na scoile, ar cuairt ag cairde,*

  *beartanna sábháilteachta*
  *ceannbheart cosantach a chaitheamh*

- na nithe is cúis le timpistí a iniúchadh agus a scrúdú, bealaí a aithint lena bhféadfaí cuid díobh seo a sheachaint agus an gníomh oiriúnach ba chóir a dhéanamh i gcás timpiste nó éigeandála

  *sa bhaile, ar scoil, ar an bhfeirm, cois farraige*

- nithe nó substaintí sa bhaile nó sa scoil a d'fhéadfadh a bheith dainséarach mura n-úsáidtear i gceart iad a aithint agus straitéis sábháilteachta a chumadh chun déileáil leo

  *gan substaintí anaithnide a láimhsiú, a bhlaiseadh ná a bholú riamh*

  *gan substaintí a aistriú isteach i soithigh eile riamh*

  *ceist a chur i gcónaí ar dhuine fásta freagrach sula n-úsáidtear aon substaint, foghlaim mar gheall ar mhodhanna cearta stórála*

- úsáid leigheas a iniúchadh agus a scrúdú

  *áiteanna is féidir leighis a fháil, na slite difriúla ina nglactar leighis, na buntáistí deimhneacha a bhaineann le glacadh leigheas, na dainséir a bhaineann le mí-úsáid leigheas*

- nithe san imshaol a chuirfeadh sláinte agus sábháilteacht i bhfiontar a aithint

  *trácht, solas ultraivialait, uisce truaillithe, deatach.*

## Snáithaonad Ag déanamh cinntí

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- bheith feasach agus machnamhach maidir le roghanna agus cinntí a dhéanann sé/sí gach lá
- na tosca a théann i gcion ar chinntí agus ar roghanna pearsanta a iniúchadh agus a phlé mar aon leis na leibhéil dhifriúla smaoinimh a bhíonn i gceist i ndéanamh cinnidh

  *guíonna agus mianta pearsanta*

  *tallann*

  *luachanna agus creidimh*

  *toil agus treoracha tuismitheora nó múinteora*

  *baic shóisialta*

  *tionchar piaraí agus na meán cumarsáide*
- an fáth agus an chaoi a ndéanann daoine fásta cinntí agus a gcuireann siad teorainneacha le daoine óga a phlé

  *toisc go bhfuil cion acu orthu agus grá acu dóibh*

  *toisc gur mian leo iad a choinneáil sábháilte*

  *toisc gurb eol dóibh conas iad a choinneáil sláintiúil*
- a thuiscint gur féidir méadú a theacht ar na deiseanna chun roghanna a dhéanamh de réir mar a ghlactar le freagrachtaí agus de réir mar a thuilltear iontaoibh daoine eile
- na fiontair agus na torthaí a bhaineann le cinneadh áirithe a dhéanamh a aithint agus a iniúchadh
- straitéis shimplí cinnteoireachta a fhoghlaim agus tosú ar í a cheapadh

  *ag stad agus ag machnamh*

  *na fíricí tábhachtacha agus na ceisteanna morálta mar gheall ar an bhfadhb a aithint*

  *ag déanamh machnaimh ar na réitigh agus ar na hiarmhairtí atá inoibrithe*

  *ag déanamh measúnú ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí*

  *an cinneadh á chur i bhfeidhm*

  *ag machnamh ar an rogha nó ar an gcinneadh*
- an chaoi ar féidir le dearcadh, tuairimí, agus freagairt daoine eile dul i gcion ar chinntí nó ar ghníomhartha pearsanta a aithint agus a iniúchadh

  *ag dearbhú, ag cur comhbhróin in iúl, ag cuimsiú daoine eile, ag aonrú daoine, bulaíocht, ag caitheamh tobac, ag múitseáil, ag ól alcóil*
- cinntí aonair agus cinntí grúpa a dhéanamh.

# Snáithe: Mise agus daoine eile

## Snáithaonad Mise agus mo theaghlach

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- saghsanna difriúla teaghlaigh a iniúchadh agus a phlé, agus a aithint go mbíonn teaghlaigh difriúil maidir le struchtúr, leis an gcaoi a ndéanann siad cumarsáid agus leis an gcaoi a gcaitheann baill an teaghlaigh a gcuid ama

  *tuismitheoir aonair, beirt tuismitheoirí,*

  *leastuismitheoir, tuismitheoirí uchtaithe, tuismitheoirí altrama, eile*

- a aithint go bhfuil ionad agus ról sa teaghlach ag gach ball agus go gcuidíonn sé/sí le feidhmiú éifeachtach an teaghlaigh mar aonad

  *ag cuidiú le haire a thabhairt do pháistí óga*

  *ag cuidiú leis an mbaile a choimeád slachtmhar*

  *ag roinnt agus ag comhoibriú lena chéile*

- an bhaint atá ag ballraíocht i dteaghlach leis an ngrá, an chosaint, an soláthar agus an aire a thugann na baill dá chéile a iniúchadh

- a thuiscint go dtagann athruithe ar theaghlaigh, iad pleanáilte nó neamhphleanáilte, a d'fheádfadh a bheith taitneamhach nó a mhalairt

  *ag aistriú tí, leanbh nua ag teacht ar an saol, bás baill áirithe, dífhostaíocht, fostaíocht nua, scaradh, tinneas*

- an iompraíocht atá tábhachtach chun go mbeadh síth i dteaghlaigh a aithint

  *maitheamh, tuiscint, grá, ionbhá, éisteacht, meas, roinnt, iontaoibh, ag tabhairt ama, ag cloí le rialacha teaghlaigh, macántacht, freagracht*

- stíleanna maireachtála teaghlach sa chathair agus faoin tuath, i dtíortha éagsúla, agus i gcultúir dhifriúla laistigh agus lasmuigh d'Éirinn a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.

## Snáithaonad Mo chairde agus daoine eile

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- an gá agus an tábhacht a bhaineann le cairdeas agus le hidirghníomhú le daoine eile a léirthuiscint
- na gnéithe difriúla den chairdeas a iniúchadh

  *dílseacht, meas, fíorchumarsáid, iontaoibh, ag comhlíonadh gealltanas, maitheamh, ag réiteach coimhlinte, macántacht, na nithe is luachmhar leo ina chéile, an chúis ar maith leo comhluadar a chéile*

- saghsanna difriúla cairdis a scrúdú

  *cairdis aonghnéis*

  *'an cara is fearr'*

  *cairdeas idir buachaillí agus cailíní*

  *buíonta de chairde*

  *ag déanamh muintearais le duine atá i gcruachás ar feadh achair ghairid*

- tosú ar dhéileáil le heasaontas i gcairdeas nó le cailleadh cairdis
- a aithint go dtéann cairde timpeall i ngrúpaí go minic agus go bhfeádfadh seo a bheith sláintiúil nó míshláintiúil

  *comhpháirteach, cairdiúil, tacúil,*

  *ag griogadh, ag caitheamh achasán, bheith faoi bhrú*

- cúram agus cásmhaireacht, cúirtéis agus dea-bhéasa a chleachtadh agus an tábhacht a bhaineann leo le linn idirghníomhaíochta le daoine eile a aithint
- meas a bheith aige/aici ar thuairimí, chreidimh agus luachanna daoine eile agus bheith cásmhar iontu

  *bheith cóir cothrom ag déileáil le daoine eile*

  *ag iniúchadh ról foshuíomh, ráflaí, fíricí agus tuairimí nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh faoi dhaoine eile*

- bulaíocht a aithint, a phlé agus a thuiscint

  *an fáth a ndéanann daoine bulaíocht, an iompraíocht ar ionann agus bulaíocht í, iarmhairt saghsanna difriúla bulaíochta, ag foghlaim go bhfuil bulaíocht i gcónaí éagóir, ról an lucht féachana i gcomhthéacs bulaíochta, bheith á b(h)agairt nó á b(h)reabadh ag bulaí*

- slite chun déileáil le bulaíocht a iniúchadh agus a scrúdú.

## Snáithaonad Caidreamh le daoine eile

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Ag déanamh cumarsáide

- bealaí briathartha agus neamhbhriathartha éagsúla cumarsáide a aithint agus a iniúchadh

  *ag gáire, ag caint, ag cuachadh, ag troid, ag caoineadh, ag tabhairt neamhairde*

- éisteacht go cúramach is go machnamhach le daoine eile

  *ag éisteacht le heispéiris agus le tuairimí daoine eile*

  *ag machnamh ar bhealach eile ar a bhfuil ráite*

  *ag caint ar dhearcadh a nochtar agus ar dhearcadh daoine eile*

- teanga, geáitsí agus iompraíocht oiriúnach eile a úsáid chun feidhmeanna sóisialta a chomhall

  *grámhaireacht, ceansacht, cúram a chur in iúl,*

  *ag cur a t(h)uairime féin in iúl do dhuine aonair nó do ghrúpa*

  *ag cur i gcoinne tuairimí agus achainíocha daoine eile go cúirtéiseach ach go daingean, ag cur easaontais in iúl*

- cumhacht an áitimh agus teagmháil á déanamh le daoine eile a scrúdú, agus na hócáidí inar féidir é a úsáid go deimhneach nó go diúltach a aithint
- moladh agus léirmheas cuiditheach i suímh dhifriúla a thabhairt agus a ghlacadh
- an tslí inar féidir teanga a úsáid chun comhpháirteachas a chur chun cinn a aithint

### Ag réiteach coimhlinte

- cúiseanna coimhlinte i staideanna difriúla a aithint

  *páistí ag díspeagadh a chéile, ag caitheamh achasán le chéile, ag glaoch leasainmneacha*

- bealaí éagsúla chun déileáil le hócáidí coimhlinte a aithint agus a phlé, cinneadh ar na cinn is oiriúnaí nó is inghlactha agus iad a chleachtadh

  *ag stad agus ag déanamh gnímh, iompraíocht threallúsach, ag aimsiú comhréitigh,*

  *ag éisteacht le agus ag smaoineamh ar dhearcadh an duine eile, ag gabháil leithscéil agus ag glacadh le leithscéalta.*

## Snáithaonad Ag forbairt saoránachta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Pobal mo scoile

- na daoine ar de phobal na scoile iad a aithint mar aon leis an gcaoi a gcuidíonn daoine aonair le saol na scoile
- bheith feasach ar an tábhacht a bhaineann le meas agus mothálacht chomhalartach i dtaca leis na luachanna difriúla agus an dearcadh difriúil a bhíonn ag daoine eile
- ról a ghlacadh nuair a bhítear ag cinneadh ar rialacha an tseomra ranga agus an tábhacht a bhaineann le cloí le cód iompraíochta agus airíonachta na scoile a phlé agus a scrúdú
- rólanna ceannaireachta a fhorbairt agus a chleachtadh agus foghlaim conas oibriú le chéile i staideanna éagsúla grúpa

  *ag cuidiú le daoine eile a spriocanna a bhaint amach agus ag fáil cabhrach ó dhaoine eile chun a spriocanna féin a bhaint amach, ag glacadh páirte i scéim choigiltis na scoile*

- coincheapa na roinnte agus an chomhoibrithe a phlé agus a iniúchadh mar aon leis na slite inar féidir iad a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach

  *ceart agus cothromaíocht a chleachtadh i ngnáth-idirghníomhaíochtaí*

- na slite éagsúla ina gcuireann an scoil mothú cumainn chun cinn a iniúchadh

  *ag ceiliúradh éachtaí daoine aonair, grúpaí agus foirne laistigh den scoil*

- na rólanna traidisiúnta a bhronntar ar bhuachaillí is ar chailíní sa scoil de bharr a ngnéis a scrúdú agus éirí feasach ar mhodhanna chun cur i gcoinne na mbuanchruthanna seo
- cearta agus freagrachtaí daoine fásta agus páistí araon i bpobal na scoile a iniúchadh agus a aithint

  *tá sé de cheart ag páistí a bhrath go bhfuil siad sábháilte agus gníomh a dhéanamh, níor cheart dóibh cur isteach ar chearta daoine eile.*

## Pobail áitiúla agus pobail níos leithne

- a thuiscint cad is ciall le bheith ina b(h)all de ghrúpa

  *ag tacú le daoine eile, ag leagan síos cuspóirí agus spriocanna, ag aithint buanna daoine eile, ag cloí le rialacha daonlathacha, meas a bheith aige/aici ar thuairimí chách, cearta agus freagrachtaí a bheith ag duine*

- an tslí ina bhfuil freagracht phearsanta agus chomhchoiteann don phobal ar gach duine a aithint

  *bheith mar dhea-chomharsa agus mar dhea-shaoránach*

  *bheith feasach orthu siúd a bheadh i ngátar agus gníomh a dhéanamh chun cabhrú leo*

- ilghnéitheacht na ndaoine nó na ngrúpaí laistigh de phobail a léirthuiscint agus a thábhachtaí atá sé go mbeadh meas, ionbhá agus tuiscint ag daoine ar a chéile le go mairfidís i bhfochair a chéile go síochánta agus go comhchuí

- an tslí inar féidir ceart, cothrom na Féinne agus cothromaíocht a bheith, nó gan a bheith, léirithe i bpobal a scrúdú

  *leithcheal ar ghrúpaí ar leith a iniúchadh, ciníochas, buanchruthú d'aon saghas a aithint agus conas is féidir cur ina choinne a iniúchadh*

- roinnt de na saincheisteanna agus de na cúraimí a bhaineann leis an bpobal áitiúil nó náisiúnta a iniúchadh

  *iarmhairtí, réitigh a bheadh indéanta, ról gach duine*

- ról ceannairí agus eagraíochtaí a fhreastalaíonn ar an bpobal ag léibhéil dhifriúla mar aon leis an tionchar a bhíonn acu a phlé

  *méara, cumann creidmheasa, clubanna spóirt*

- éirí feasach ar a c(h)ultúr féin agus traidisiúin, féilte agus ceiliúradh nach bhfuil le fáil ach sa dúiche, sa réigiún nó sa tír a aithint

  *teanga, ceol, béaloideas, litríocht, an bhratach náisiúnta agus an t-amhrán náisiúnta*

  *éachtaí agus buanna áitiúla agus náisiúnta a cheiliúradh*

- tús feasachta ar shaol agus ar chultúr roinnt daoine san Aontas Eorpach a fhorbairt

## Cúram imshaoil

- an t-imshaol a léirthuiscint agus meas a bheith aige/aici air agus foghlaim go bhfuil freagracht ar bhonn aonair agus pobail ar gach duine as caomhnú an imshaoil agus as é a chosaint ar mhaithe leis na glúine atá le teacht.

*Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: tíreolaíocht agus eolaíocht.*

## Snáithaonad Oideachas na meán cumarsáide

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- na slite difriúla inar féidir eolas a tharchur a iniúchadh agus foghlaim conas bheith grinn roghnaíoch faoin eolas seo, ag díriú aire ar leith ar theanga, iompraíocht, údaracht agus dhearcadh
- an teilifís, an raidió, físeáin, cluichí ríomhaire, an t-idirlíon (an gréasán domhanda agus an ríomhphost) agus meáin eile a phlé agus a iniúchadh

  *na cláir is fearr leis/léi agus na cúiseanna a mbíonn tóir orthu*

  *an méid ama a chaitear ag breathnú ar an teilifís, ag éisteacht le ceol, ag imirt cluichí ríomhaire, ag iniúchadh an idirlín, ag léamh greannán, leabhar nó irisí a thomhas*

  *ag iniúchadh caitheamh aimsire malartach*

  *cláir theilifíse, físeáin, irisí agus greannáin a shórtáil agus a rangú in aicmí difriúla*
- éirí feasach ar fhógraíocht mar aon lena cuspóir agus a mianach

  *tá áiteamh mar chuspóir ag fógraíocht*

  *tig leis na teachtaireachtaí bheith claonta*
- tosú ar roinnt de na teicníochtaí a úsáidtear i gcúrsaí margaíochta agus fógraíochta a iniúchadh

  *clubanna do pháistí, bréagáin in aisce le táirgí áirithe, ag déanamh comhcheangail idir pop-réaltaí nó pearsana áirithe agus táirge áirithe, pointí bónais le hearraí bia áirithe, ag cumadh barrshamhlacha áilleachta, ag gríosú mianta seachas riachtanais an duine*
- roinnt saincheisteanna a ardaítear go minic sna meáin chumarsáide a iniúchadh agus a scrúdú, an tslí ina léirítear iad chomh maith le cruinneas na léirithe sin

  *saol an teaghlaigh, gaolmhaireacht, scoil, corpíomhánna, saol an phobail, teanga, cumarsáid*

  *idirdhealú a dhéanamh idir fíricí agus ficsean, cineálacha neamhionannais a bhféadfaí teacht orthu a aithint.*

# Ranganna 5 agus 6

# Foramharc

ranganna 5 agus 6

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Mise | • Féinaithne<br>*Féinfheasacht*<br>*Ag forbairt féinmhuiníne*<br>• Ag tabhairt aire do mo chorp<br>*Sláinte agus folláine*<br>*Bheith eolach ar mo chorp*<br>*Bia agus cothú*<br>• Ag fás agus ag athrú<br>*Athraím agus mé ag fás*<br>*Breith agus beatha nua*<br>*Braistintí agus mothúcháin*<br>• Sábháilteacht agus cosaint<br>*Sábháilteacht phearsanta*<br>*Saincheisteanna sábháilteachta*<br>• Ag déanamh cinntí |
| Mise agus daoine eile | • Mise agus mo theaghlach<br>• Mo chairde agus daoine eile<br>• Caidreamh le daoine eile<br>*Ag déanamh cumarsáide*<br>*Ag réiteach coimhlinte* |
| Mise agus an domhan mór | • Ag forbairt saoránachta<br>*Ag maireachtáil sa phobal áitiúil*<br>*Pobail náisiúnta agus Eorpacha agus pobail níos leithne*<br>*Cúram imshaoil*<br>*Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram imshaoil' in OSIE: eolaíocht agus tíreolaíocht*<br>• Oideachas na meán cumarsáide |

## Snáithaonad Féinaithne

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Féinfheasacht

- a aithint agus a léirthuiscint gur duine ar leith é gach duine agus go gcuirtear an leithlí seo in iúl ar an-chuid slite difriúla

  *trí na héadaí a chaithimid, na hachair spéise agus na gníomhaíochtaí a chleachtar, stíl mhaireachtála, na creidimh an dearcadh agus na prionsabail phearsanta a bhíonn againn*

- machnamh a dhéanamh ar a (h)eispéiris féin agus ar na cúiseanna a ndéantar cineálacha éagsúla gnímh
- cuspóirí agus spriocanna réalaíocha pearsanta a aithint mar aon leis na straitéisí is riachtanach chun iad a bhaint amach
- glacadh lena c(h)orpíomhá féin agus cuid de na tosca a théann i gcion ar a f(h)éiníomhá agus ar chreidimh mar gheall air/uirthi féin a iniúchadh

  *brú ó phiara, fógraíocht, íola agus gaiscígh*

### Ag forbairt féinmhuiníne

- forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcumas ar thuairimí, smaointe agus idéanna pearsanta a chur in iúl, agus éisteacht le, meas a bheith aige/aice ar, machnamh a dhéanamh ar agus labhairt go criticiúil agus go cuiditheach faoi thuairimí daoine eile
- cur leis na scileanna a fheabhsóidh an fhoghlaim

  *a aithint cathain a éiríonn leis/léi, a thuiscint gur féidir le botúin a dhéantar agus a admhaítear deiseanna le haghaidh foghlama a chur ar fáil*

  *bheith tionscnach, ag eagrú, ag pleanáil, ag léiriú nó ag cur tionscadail i bhfeidhm go neamhspleách nó mar bhall de ghrúpa, ag machnamh ar shlite chun foghlaim a fheabhsú maidir lena g(h)nóthachtáil féin*

- glacadh le freagracht phearsanta mhéadaitheach as/aisti féin

  *bheith páirteach i scéim choigiltis ag tabhairt aire dá s(h)ealús féin, ag glacadh le freagracht as a (h)obair bhaile féin*

- éirí níos neamhspleáiche agus níos féinrialaithí

  *ag déanamh gearán agus ag lorg cúitimh, ag forbairt a (h)achar spéise féin agus bheith muiníneach as a b(h)reithiúnais féin, bheith eolach ar a c(h)earta agus iad a bhaint amach.*

## Snáithaonad Ag tabhairt aire do mo chorp

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Sláinte agus folláine

- iompraíocht a chuidíonn le sláinte agus í sin atá díobhálach do shláinte a aithint agus a scrúdú

  *iompraíocht shláintiúil:*

  *obair agus scíth a chothromú, bheith gafa go tairbheach, cairde a bheith aige/aici, dóthain aclaíochta coirp a dhéanamh, réim chothrom bia a ghlacadh, staidiúir cheart*

  *substaintí atá ar oideas a úsáid ar shlí oiriúnach*

- na cúiseanna le himní phearsanta a aithint maille le straitéisí oiriúnacha chun an ceann is fearr a fháil orthu
- idirdhealú a dhéanamh idir substaintí dleathacha agus neamhdhleathacha, na cinn is mó a bhíonn in úsáid agus na torthaí a bhíonn orthu a scrúdú agus a thuiscint

  *alcól, nicitín, substaintí a bhíonn/nach mbíonn ar oideas, cannnabis*

- cuid de na cúiseanna a gcaitheann daoine tobac, a n-ólann siad alcól, a mbaineann siad mí-úsáid as aon saghas substainte nó a nglacann siad drugaí nach mbíonn feidhm leighis leo a iniúchadh

  *brú ó phiaraí, tionchar na fógraíochta, chun brath go maith, chun dul i gcion ar dhaoine eile, chun go mbraithfeadh duine go bhfuil sé/sí fásta suas*

- ról rogha pearsanta, tosca fiontair agus tionchar daoine eile nuair a thograítear substaintí a ghlacadh nach bhfuil ar oideas dochtúra a iniúchadh

  *baol na tástála a chothaíonn andúil*

- an dearcadh ar mhí-úsáid substaintí agus ar dhaoine a mhí-úsáideann substaintí d'aon saghas a iniúchadh agus a scrúdú
- rólanna daoine éagsúla atá gafa i sláinte daoine eile a aithint agus a phlé

  *banaltra, dochtúir, coslia, teiripeach teanga, bia-eolaí, péidiatróir, fiaclóir*

- a thuiscint go bhfuil freagracht phearsanta agus chomhchoiteann air/uirthi as a s(h)láinte agus a f(h)olláine féin agus as cuid daoine eile

  *bealaí praiticiúla chun aire a thabhairt dó/di féin a aithint mar aon le stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn*

  *cuid de na straitéisí a chleachtar sa phobal chun sláinte a chur chun cinn agus chun daoine a chosaint ar dhroch-shláinte a scrúdú*

### Bheith eolach ar mo chorp

- an tábhacht a bhaineann le caitheamh lena c(h)orp féin agus le coirp daoine eile le dínit is le meas a aithint
- na hathruithe fisiceacha agus eile a tharlaíonn i mbuachaillí agus i gcailíní agus iad ag teacht chun caithreachais a aithint agus a phlé, agus a thuiscint go dtarlaíonn siad seo ag rátaí difriúla i gcás gach duine

  *baineann*

    *athruithe hormónacha, athrú ar chruth an choirp, forbairt na gcíoch, caithir ag fás, tús le míostrú*

  *fireann*

    *athruithe hormónacha, fás fisiceach*

    *méadú ar na magairlí agus ar an mbod*

    *teacht caithre, agus gruaige faoin ascaill agus ar an aghaidh*

    *briseadh gutha, tús le táirgeadh speirme*

    *tús le sceitheadh oíche (taibhrimh fhliucha)*

- an córas giniúna ag daoine fásta, idir fhireann agus bhaineann, a thuiscint
- a thuiscint conas a éilíonn gníomhaíocht bhreise nó páirtíocht i ngníomhaíochtaí fisiceacha aire bhreise i dtaca le cúram coirp
- roinnt míchumas fisiceach a aithint agus an tionchar is féidir a bheith acu ar bheatha an duine
- éirí feasach ar chuid de na galair thógálacha agus an tslí ina scaiptear galair agus ionfhabhtuithe a iniúchadh

  *roinnt galar tógálach*

    *deilgneach, bruitíneach dhearg, ionfhabhtú VEID, heipitíteas*

  *scaiptear ionfhabhtú trí:*

    *an t-aer, leachtanna coirp, teagmháil dhíreach, drochshláinteachas agus drochshláintíocht*

- na bealaí difriúla inar féidir an corp a chosaint ar ghalar is ar ionfhabhtú a aithint agus a bheith feasach orthu

  *orgáin sheachtracha, an tsrón, an craiceann*

  *an córas imdhíonachta: frithchoirpíní á gcruthú, bánchealla fola, imdhíonacht nádúrtha agus saorga, polasaithe imdhíonta*

  *tosca na stíle maireachtála: réim bia, sláinteachas, scíth.*

## Snáithaonad Ag tabhairt aire do mo chorp

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Bia agus cothú

- tábhacht dea-chothaithe i dtaca le fás agus forbairt agus le fanacht sláintiúil a léirthuiscint
- glacadh le freagracht phearsanta as roghanna críonna bia a dhéanamh agus as réim shláintiúil chothrom bia a roghnú, agus í seo a thuiscint

  *pirimid an bhia a iniúchadh agus a scrúdú*

- cuid de na cothaithigh thábhachtacha atá riachtanach i réim chothrom bia a aithint mar aon leis na táirgí bia ina bhfuil siad le fáil

  *macra-chothaithigh: próitéin, carbaihiodráití, saill*

  *miocra-chothaithigh: vitimíní agus mianraí*

- na tosca a théann i gcion ar roghanna bia a iniúchadh

  *costas, fógraíocht, éileamh, brú piaraí, fógraíocht agus pacáistiú, luach do chuid airgid, am le haghaidh siopadóireachta agus cócaireachta, corpíomhánna idéalacha*

- roinnt de na breoiteachtaí a bhaineann go speisialta le glacadh bia nó le riochtaí speisialta sláinte a iniúchadh agus a scrúdú

  *céiliach, diaibéiteach, anoireicse, búilime, na riachtanais dhifriúla bhia de chuid aoisghrúpaí agus daoine difriúla*

- éirí feasach ar thábhacht an tsláinteachais agus an chúraim in ullmhú agus in úsáid bia

  *é a úsáid roimh spriocdháta díola, a bhfuil ann a léamh, gan bianna bruite agus neamhbhruite a mhionghearradh ar an gclár céanna.*

## Snáithaonad Ag fás agus ag athrú

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Athraím agus mé ag fás

- na hathruithe a tharlaíonn agus é/í ag fás ó pháiste go duine fásta a aithint agus a phlé

  *athruithe in achair spéise agus i ngníomhaíochtaí scíthe*

  *ag saothrú gasra carad níos fairsinge*

  *ag méadú neamhspleáchais phearsanta*

  *ag méadú freagrachta pearsanta agus pobail*

  *ag déileáil leis an aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil*

- patrúin fhorbartha agus fháis a iniúchadh, ag cur forbairt láithreach i gcomparáid leis an bhforbairt ag céimeanna níos luaithe: fisiceach, sóisialta, mothúchánach, intleachtúil agus spioradálta
- an gá le spás aonair agus le príobháid de réir mar a bhíonn sé/sí ag fás agus ag forbairt a léirthuiscint

  *spás agus am chun bheith páirteach sa chaitheamh aimsire is rogha leis/léi, áit inar féidir leis/léi bheith ciúin nó ina (h)aonar nó gan cur isteach.*

## Snáithaonad Ag fás agus ag athrú

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Breith agus beatha nua

- caidreamh collaí, giniúint agus breith a thuiscint i gcomhthéacs caidrimh dhúthrachtaigh ghrámhair
- na freagrachtaí a bhíonn ar dhuine agus é/í ina t(h)uismitheoir agus an aibíocht mhothúchánach agus fhisiceach a bhíonn riachtanach le bheith ina t(h)uismitheoir a phlé agus a iniúchadh

  *ag ullmhú le haghaidh breith linbh*

  *ag tabhairt aire do ghin ó bhreith aníos*

  *cuntair mhothúchánacha, shíceolaíocha agus phraiticiúla*

### Braistintí agus mothúcháin

- an cumas agus an mhuinín a ghnóthú chun raon braistintí, go háirithe iad siúd ar deacair iad a nochtadh, a phlé agus a iniúchadh

  *áthas, fearg, brón, ardú meanman, frustrachas, pointí 'arda agus ísle'*

- an tslí chun braistintí éagsúla a chur in iúl agus déileáil leo ar bhealach oiriúnach a phlé agus a chleachtadh

  *ag roghnú ama atá oiriúnach le haghaidh cainte*

  *ag caint agus ag díospóireacht seachas bheith ag baint faid as coimhlint nó easaontas trí thost*

  *ionbhá le braistintí daoine eile*

  *bheith eolach ar an tráth is cuí chun braistintí a roinnt le daoine eile*

- an tslí ina gcuidíonn braistintí le féintuiscint a thuiscint

  *a thuiscint go mbíonn tionchar ag athruithe fisiceacha agus hormónacha go minic ar mheonta aigne is ar mhothúcháin, a aithint gur minic a bhíonn fíorbhraistintí faoi cheilt, bheith feasach gur féidir le braistintí pearsanta tionchar a imirt ar dhaoine eile*

- riachtanais agus mianta a idirdhealú ó chéile agus coincheap an tsásaimh ar cairde a aithint agus a iniúchadh

  *an mbreathnóidh mé ar an teilifís anois nó an ndéanfaidh mé m'obair bhaile ar dtús agus breathnú ar an teilifís níos déanaí?*

- na saghsanna difriúla grá atá ann a phlé, agus an tslí ina léirítear agus a sainmhínítear grá i gceol, i scannáin, i leabhair, in irisí agus i meáin eile a iniúchadh
- bealaí sláintiúla chun cuidiú leis/léi braistintí deimhneacha a bheith aige/aici mar gheall air/uirthi féin a aithint agus a fhoghlaim.

## Snáithaonad Sábháilteacht agus cosaint

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Sábháilteacht phearsanta

- rialacha sa bhaile, ar scoil agus sa tsochaí a iniúchadh agus a thábhachtaí atá sé go gcloífí leo

  *teorainneacha a athraíonn de réir mar a fhásann páistí agus a léiríonn siad freagracht bhreise, géilleadh dóibh siúd atá freagrach as na rialacha a chur i bhfeidhm*

- staideanna agus áiteanna a d'fhéadfadh sábháilteacht phearsanta a chur i mbaol a aithint

  *bulaíocht, bulaíocht ar dhaoine eile a fheiceáil*

  *iarrtar ar dhuine 'rún doiligh' a choimeád*

  *cruinnithe móra poiblí*

  *tadhall neamhshábháilte nó neamhoiriúnach a aithint,*

  *bheith le daoine a mbraithim neamshábháilte ina dteannta*

- raon de staideanna agus de chineálacha iompraíochta contúirtí a phlé agus bealaí chun na fiontair seo a sheachaint nó a laghdú a mheasúnú agus a luacháil chomh maith le himpleachtaí na fiontraíochta

  *uaireanta cuidíonn fiontraíocht le fás agus le forbairt, ach ar ócáidí eile tig leis na hiarmhairtí a bheith dainséarach agus fiú tragóideach*

- a thuiscint go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhásann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis le é/í féin a choinneáil slán a fhorbairt agus cloí léi

  *bheith treallúsach*

  *ag insint do dhaoine nó ag dul i muinín daoine atá intaofa*

  *conas agus cathain is ceart cabhair a lorg a thuiscint*

  *bheith feasach ar pholasaithe sa scoil agus sa bhaile a thugann tacaíocht: mar shampla, an páiste a bheith eolach ar an gcur chuige má bhíonn bulaíocht á himirt ar dhuine éigin nó mura dtéitear ina c(h)oinne tar éis scoile, ag teagmháil leis na seirbhísí éigeandála*

  *ag cur in iúl cén taobh a mbíonn sé/sí i gcónaí*

- an ról atá ag gach duine maidir le daoine eile a choimeád slán a phlé agus a léirthuiscint agus ócáidí a bhféadfadh gníomhartha dá c(h)uid sábháilteacht daoine eile a chur i mbaol a aithint.

### Saincheisteanna sábháilteachta

- áiteanna atá níos sábháilte le haghaidh súgartha a aithint agus conas é/í féin a iompar ar bhealach freagrach le linn súgartha
- a bheith eolach ar conas fanacht slán le linn taistil agus a thuiscint conas is féidir le duine daoine eile a choimeád slán
- feasacht faoi shláinte is faoi shábháilteacht sa scoil, sa bhaile agus sa láthair oibre a fhorbairt
- dearcadh freagrach maidir le timpistí a chosc a fhorbairt agus fios a bheith aige/aici cad is cóir a dhéanamh i gcás timpiste

  *modhanna simplí garchabhrach a úsáid, bheith eolach orthu siúd ar chóir teagmháil leo, bheith eolach ar úsáid na seirbhísí éigeandála*

- na substaintí sa bhaile, sa scoil nó ar an bhfeirm a d'fhéadfadh a bheith dainséarach mura n-úsáidtear i gceart iad a aithint, agus a chinntiú go bhfuil straitéis sábháilteachta foghlamtha aige/aici chun déileáil le substaintí anaithnide agus dainséaracha
- úsáid leigheas a iniúchadh agus a scrúdú
- cuid de na fiontair shláinte agus shábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith san imshaol a aithint agus a iniúchadh

  *trácht, truailliú, ceimiceáin, solas ultraivialait.*

## Snáithaonad Ag déanamh cinntí

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- mothú forásach a ghnóthú faoin tábhacht a bhaineann le cinntí eolacha a dhéanamh ar go leor leibhéal agus cuid de na cinntí a chaithfidh sé/sí a dhéanamh a aithint

  *conas a déarfaidh mé 'ní hea'?*

  *cad a chaithfidh mé inniu?*

  *cén leabhar a roghnóidh mé sa leabharlann?*

  *an sceithfidh mé ar mo chara?*

- na tosca agus na leibhéil smaoinimh a théann i gcion ar chinntí is ar roghanna a iniúchadh agus foghlaim conas iad a scrúdú go criticiúil

  *tallann*

  *luachanna agus creidimh*

  *tuairim tuismitheoirí*

  *baic shóisialta*

  *tionchair piaraí agus na meán cumarsáide*

- a aithint go mbíonn iarmhairtí le cinntí agus nach ndéanann gach duine na cinntí céanna i gcónaí
- an ról tábhachtach dlisteaneach atá le comhlíonadh ag daoine fásta i ndéanamh cinntí agus i socrú teorainneacha do dhaoine óga a aithint
- a aithint gur féidir méadú a theacht ar na deiseanna chun roghanna a dhéanamh de réir mar a ghlactar le freagrachtaí agus de réir mar a thuilltear iontaoibh daoine eile
- straitéis shimplí chinnteoireachta a phlé agus a chleachtadh

  *ag stad agus ag machnamh*

  *na fíricí tábhachtacha agus na ceisteanna morálta mar gheall ar an bhfadhb a aithint*

  *ag déanamh machnaimh ar na hiarmhairtí agus na réitigh atá inoibrithe*

  *ag déanamh measúnú ar na buntáistí is ar na míbhuntáistí*

  *an cinneadh á dhéanamh*

  *ag machnamh ar an rogha nó ar an gcinneadh*

- foshuíomh, tátal, fíric, ráfla agus tuairim a idirdhealú ó chéile agus é/í ag teacht ar chinneadh
- foinsí cabhrach chun fadhbanna a réiteach a aithint

  *tuismitheoir nó caomhnóir, cara iontaofa, múinteoir.*

# Snáithe: Mise agus daoine eile

## Snáithaonad Mise agus mo theaghlach

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- teaghlaigh agus bailte a iniúchadh agus a phlé agus mar is féidir leo bheith éagsúil ar go leor slite

  *tuismitheoir aonair, beirt tuismitheoirí, leastuismitheoirí, tuismitheoirí uchtaithe, tuismitheoirí altrama, bailte grúpa, brúnna*

- an bhrí atá le ballraíocht i dteaghlach a iniúchadh

  *cuirtear suim ionam, mothaím muintearas, áit ar féidir liom bheith istigh liom féin, idirspleáchas sláintiúil, rólanna agus freagrachtaí áirithe a bheith agam, bheith mothálach maidir le riachtanais daoine eile sa teaghlach, rialacha agus teorainneacha a bheith agam, ag tabhairt aire dá chéile agus ag tacú a chéile*

  *bheith freagrach*

- athruithe is féidir a theacht ar chaidreamh agus ar dhóchas teaghlaigh de réir mar a fhásann agus mar a aibíonn sé/sí a phlé agus conas is féidir leis/léi déileáil leo

  *neamhspleáchas ag méadú*

  *tuairimí contrártha*

- iompraíocht atá tábhachtach chun go mbeadh síth i saol an teaghlaigh a phlé agus a aithint

  *ag cloí le rialacha teaghlaigh, ag réiteach coimhlinte, maitheamh, gáire, grá, ionbhá, iontaoibh, éisteacht, macántacht, freagracht, meas a bheith ar a chéile*

- léiriú na meán cumarsáide ar theaghlaigh agus ar shaol an teaghlaigh a scrúdú go léirmheastach

- roinnt tosca ar féidir leo dul i gcion ar shaol an teaghlaigh a scrúdú

  *breith linbh, andúil, rathúnas ábhartha, bochtaineacht, tinneas, bás, foréigean, athrú ar an stíl mhaireachtála, buanchruthú de réir gnéis*

- stíleanna maireachtála teaghlach i gcultúir dhifriúla, in Éirinn agus thar lear araon, a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht.

## Snáithaonad Mo chairde agus daoine eile

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- tábhacht cairdis agus idirghníomhaithe le daoine eile a iniúchadh agus a thuiscint gur cuid den phróiseas nádúrtha fáis é cairdeas a dhéanamh le daoine agus cairde a athrú
- na gnéithe difriúla den chairdeas a phlé agus a léirthuiscint agus an difríocht idir dlúthchairde agus lucht aitheantais

  *meas cómhalartach, iontaoibh, dílseacht, ag éisteacht, ag caitheamh ama, fíorchumarsáid, gáire, macántacht, ag réiteach coimhlinte, maitheamh, bheith cóir agus cothrom*

- na difríochtaí a bhaineann le cairdeas idir buachaill agus cailín agus cairdeas aonghnéis a iniúchadh

  *ag caint faoi nithe difriúla, bheith ag súil le nithe difriúla óna chéile, mian dul i bhfeidhm ar lucht a g(h)néis féin agus ar an gcineál eile*

- machnamh a dhéanamh ar fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht i gceist i gcairdeas agus i gcaidreamh eile agus mar a d'fhéadfaí iad seo a láimhsiú

  *éad, éiginnteacht, braistint go bhfuiltear ar leithlis, brú i leith ballraíochta agus déanamh de réir daoine eile*

- na grúpaí difriúla ar féidir le cairde bheith ina mbaill díobh a aithint agus bheith eolach ar cad is grúpa sláintiúil ann

  *grúpa sláintiúil:*

  *comhpháirteach, cairdiúil, tacúil, ómósach maidir le cearta agus tuairimí daoine eile*

- an tslí inar féidir le tuairimí, dearcadh nó dóchas daoine eile dul i gcion ar an gcaidreamh idir dhaoine, ar bhealach deimhneach nó diúltach, a iniúchadh

  *bheith comhpháirteach, ómósach, ag roinnt le daoine, múitseáil, gadaíocht siopa, ag ól tobac, ag déanamh foshuíomh, strus*

- cúram agus cásmhaireacht, cúirtéis agus dea-bhéasa i dtaca le daoine eile a chleachtadh agus an tábhacht a bhaineann leo a aithint
- bulaíocht agus a hiarmhairtí a aithint, a phlé agus a thuiscint

  *an iompraíocht arb ionann agus bulaíocht í, conas agus cén fáth a dtarlaíonn bulaíocht, conas a bhraitheann sé/sí nuair a bhítear á (h)imeaglú nó nuair a bhíonn sé/sí ag imeaglú daoine eile, toradh bulaíochta ar an duine féin agus ar dhaoine eile, a aithint go bhfuil bulaíocht i gcónaí éagórach*

- an tslí inar féidir le daoine aonair déileáil le bulaíocht bheith á himirt orthu a iniúchadh agus a phlé, fios a bheith acu go bhfuil bulaíocht á himirt ar dhaoine eile agus bheith ina b(h)ulaí

  *an té ar chóir dul ina m(h)uinín, cathain is cóir insint, conas bheith treallúsach.*

Snáithaonad

## Caidreamh le daoine eile

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Ag déanamh cumarsáide

- na bealaí iomadúla briathartha agus neamhbhriathartha ina ndéanann daoine cumarsáid le chéile a iniúchadh agus a chleachtadh

  *ag cur duine in aithne i staideanna difriúla*

  *ag cur cneastacht, cúram, grámhaireacht, grá in iúl*

  *ag cur i gcoinne tuairimí nó achainníocha cairde nó piaraí*

- éisteacht go haireach le daoine eile agus urraim a thabhairt don mhéid a bhíonn le rá ag gach duine

  *ag éisteacht go cúramach le heispéiris agus le dearcadh daoine eile, ag machnamh ar a bhfuil ráite agus á aithris*

  *ag tabhairt moladh agus dearbhú agus ag glacadh leo*

  *léirmheastóireacht chuiditheach a dhéanamh agus glacadh léi*

- na slite éagsúla inar féidir teanga a úsáid chun daoine a aonrú nó chun leithcheal a dhéanamh orthu a scrúdú

- tosú ar an tábhacht a bhaineann le seasamh pearsanta a dhéanamh ach fós urraim a thabhairt do chreidimh, do luachanna agus do thuairimí daoine eile a léirthuiscint

  *ag teacht ar bhealaí deimhneacha chun tuairimí atá difriúil le tuairimí daoine eile a chur in iúl*

- cumhacht an áitimh a scrúdú, conas is féidir é a úsáid ar mhodh deimhneach agus diúltach araon, agus bealaí praiticiúla a mholadh agus moltaí praiticiúla a fhorbairt chun déileáil le brúnna agus le tionchair

  *brú chun déanamh de réir daoine eile nó chun bheith ina b(h)all de ghrúpa*

### Ag réiteach coimhlinte

- an tslí ina dtarlaíonn coimhlint le daoine difriúla agus i staideanna difriúla a phlé
- freagairt éagsúil ar thosca coimhlinte a aithint agus a phlé

  *géilleadh, idirghabháil, ionsaí*

  *ag insint na fírinne, seachaint*

  *imeacht ar shiúl*

- an chaoi le coimhlint a láimhsiú gan bheith ionsaitheach a iniúchadh agus a chleachtadh.

# Snáithe: Mise agus an domhan mór

## Snáithaonad Ag forbairt saoránachta

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

### Ag maireachtáil sa phobal áitiúil

- coincheap an ranga nó na scoile mar phobal a iniúchadh
- slite chun oibriú le chéile agus chun mothú cumainn a fhorbairt a chleachtadh

  *ag ceiliúradh éachtaí aonair agus éachtaí grúpa, ag teacht ar chinntí grúpa, ag déanamh cinntí ranga, ag glacadh le freagrachtaí faoi leith sa rang nó in eagraíochtaí áitiúla, ag iniúchadh rialacha an ranga nó an chlub agus bheith páirteach i gcumadh na rialacha, ag réiteach coimhlintí ar bhealaí oiriúnacha*

- traidisiúin agus béaloideas áitiúla a iniúchadh agus móráil as a p(h)obal áitiúil a fhorbairt
- ról an duine aonair agus grúpaí éagsúla sa phobal a aithint agus a thuiscint

  *mothú céannachta a bheith ag duine, ag iniúchadh dualgas, cearta agus freagrachtaí daoine fásta agus páistí araon, gach duine ag tabhairt cúnaimh ar a shlí féin, ag tabhairt urraim dá chéile, bheith comhpháirteach, ag déanamh cinntí daonlathacha, ag cloí le rialacha, ag obair le chéile ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne*

- an chabhair dheimhneach a thugtar don phobal áitiúil ag eagraíochtaí éagsúla, ag grúpaí eitneacha, sóisialta nó pobail agus ag daoine aonair a aithint agus a iniúchadh

  *clubanna spóirt, cumann creidmheasa, comhairle pobail, raidió pobail, grúpaí do sheanóirí, gasóga*

- an tslí ina bhféadfadh éagothromaíocht bheith sa phobal áitiúil a iniúchadh agus bealaí a bhféadfaí déileáil leis seo a mholadh

  *bochtaineacht, easpa dídine, gátar ábhartha, easpa acmhainní ar ghrúpaí áirithe, claonbhá agus leithcheal i leith daoine ar leith nó grúpaí áirithe, buanchruthú*

- roinnt saincheisteanna is cúram don cheantar áitiúil a aithint agus gníomh a d'fhéadfaí a dhéanamh chun déileáil leis na saincheisteanna seo a iniúchadh

  *an fhreagracht aonair agus comhchoiteann atá orainn mar shaoránaigh sa phobal a aithint*

  *cearta an tomhaltóra*

### Pobail náisiúnta agus Eorpacha agus pobail níos leithne

- éirí feasach ar ghnéithe dá (h)oidhreacht chultúrtha agus dá t(h)raidisiúin féin

  *ceol, litríocht, teanga, béaloideas, tírdhreach, ómós don bhratach náisiúnta is don amhrán náisiúnta, ag glacadh páirte i bhféilte is i gceiliúradh nach bhfuil le fáil ach in Éirinn*

- tosú ar choincheap an daonlathais a iniúchadh

  *ról an Uachtaráin, an Oireachtais agus an Bhunreachta, ról na dtoghchán, cearta comhionanna*

- na grúpaí éagsúla cultúrtha, reiligiúnacha, eitneacha nó eile atá i bpobal nó i sochaí a aithint agus glacadh leo agus bealaí inar féidir urraim a thabhairt do na héagsúlachtaí seo a iniúchadh

  *ag foghlaim faoi ghrúpaí difriúla agus faoina gcultúr agus a n-oidhreacht, a bhfuil le foghlaim uathu agus an cuidiú deimhneach a thugann siad a thuiscint, caint chuimsitheach a úsáid, na slite ina bhfulaingíonn na grúpaí seo leithcheal a iniúchadh, ról gach duine i gcealú claonbhá a iniúchadh, an gá le hionbhá agus le tuiscint chómhalartach a phlé*

- bheith feasach ar roinnt de na cultúir, na stíleanna maireachtála agus na teangacha atá i roinnt tíortha san Aontas Eorpach agus sa domhan mór

  *ag foghlaim faoi thíortha an Aontais Eorpaigh, roinnt de thionchair an Aontais Eorpaigh ar an saol in Éirinn a aithint, idirspleáchas tíortha agus pobal, ag foghlaim faoina chéile trí spórt agus ceol*

- an tslí chun ceart agus síocháin a chur chun cinn idir dhaoine is grúpaí, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, a iniúchadh

  *tús a chur le foghlaim faoi pháirtíocht na hÉireann in eagríochtaí idirnáisiúnta mar aon le tábhacht na cabhrach seo*

- an dáileadh éagothrom atá ar acmhainní an domhain a aithint agus dul i gceann tuisceana air

  *gan bunriachtanais bheith á soláthar, roinnt de na saincheisteanna a thuiscint, na bealaí ar féidir linn cabhair a thabhairt, an ról atá le comhlíonadh ag muintir na hÉireann*

### Cúram imshaoil

- an t-imshaol a léirthuiscint agus glacadh le freagracht ar bhonn aonair agus pobail as cúram an imshaoil agus as bheith mar chaomhnóirí ar an Domhan ar mhaithe leis na glúine atá le teacht.

*Tá mionfhorbairt déanta ar an bhfo-aonad seo 'Cúram imshaoil' in OSIE: tíreolaíocht agus eolaíocht.*

## Snáithaonad Oideachas na meán cumarsáide

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- an tslí ina n-aithrisítear eolas a iniúchadh agus a thuiscint agus tarchur teachtaireachtaí a chleachtadh, ag baint úsáide as modhanna éagsúla

  *teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide, litir, teileafón, pictiúr, póstaer, comhartha, scannán, leabhar*

- ról na nuachtán agus foirmeacha eile clóbhuailte i dtarchur teachtaireachtaí a iniúchadh, na teicníochtaí a úsáidtear agus na saghsanna eolais a bhíonn i gceist

  *eolas a fhágtar ar lár b'fhéidir d'aon turas a aithint, claonadh a aithint*

- plé éagothrom le rólanna gnéasacha agus le saincheisteanna eile i litríocht, i bhfógraíocht, i ndrámaíocht, in irisí agus i meáin eile a aithint
- an lucht éisteachta a bhfuil gnéithe difriúla de na meáin chumarsáide dírithe air a aithint

  *na cineálacha cur chuige a úsáidtear, an t-ábhar*

- éirí feasach ar na cineálacha difriúla fógraíochta, a cuspóirí agus na teachtaireachtaí a chuireann sí chun cinn

  *ní hionann seang agus sláintiúil i gcónaí, caitheann daoine áille tobac agus ólann siad, tá réimeanna áirithe bia sábháilte, rud fisiceach í an áilleacht, naisc cheilte idir corpíomhá agus táirgí áirithe—bronnfar muintearas ort má úsáideann tú an táirge seo*

  *a bhfuil gá agam leis seachas a bhfuil ag teastáil uaim*

- bheith criticiúil grinn i gcónaí agus aireach maidir lena d(h)earcadh féin i leith na fógraíochta agus na dteicníochtaí a úsáidtear chun táirgí, stíleanna maireachtála agus idéanna a chur chun cinn

  *teicníochtaí:*

  *áilleacht agus mealltacht ag cur táirgí áirithe chun cinn, úsáid an cheoil, daoine mór le rá á gcomhcheangal le táirgí áirithe, aiscí á dtabhairt in éineacht le rudaí a cheannaítear, úsáid íomhánna tarraingteacha súl, fógraí áirithe á n-athúsáid*

- gníomhaíochtaí éagsúla caithimh aimsire agus scíthe a iniúchadh mar mhalairt ar bhreathnú ar an teilifís
- roinnt teicníochtaí simplí craolacháin, léirithe agus cumarsáide a iniúchadh agus a úsáid

  *soilsiú, guthú, agallamh, obair cheamara, ag úsáid saghsanna difriúla ceoil, ríomhphost.*

# Measúnú

# Measúnú

Is cuid lárnach den phróiseas laethúil teagaisc agus foghlama in OSPS é an measúnú. Is féidir leis eolas luachmhar ar dhul chun cinn an pháiste agus ar éifeacht agus oiriúnacht an chláir agus na modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid a sholáthar.

Tig leis an measúnú an caidreamh idir an tuismitheoir agus an múinteoir agus idir an páiste agus an múinteoir a threisiú. Soláthraíonn sé eolas ar féidir é a chur in iúl don tuismitheoir agus cinntíonn sé go mbunófar na heispéiris fhoghlama ar an eolas is cuimsithí faoin bpáiste. Is féidir leis an measúnú cuidiú le mothú sábháilteachta an pháiste toisc go ndéanann sé deimhin de go mbíonn an páiste ar an eolas faoin gcaoi a mbíonn sé/sí ag cruthú ar scoil, agus go mbíonn deacrachtaí aonair á n-aithint agus á sárú de réir mar a tharlaíonn siad.

Ní foláir do mhúinteoirí agus do scoileanna iniúchadh machnamhach a dhéanamh ar nádúr agus ról an mheasúnaithe in OSPS, agus cinneadh ar na bealaí is éifeachtaí chun é a úsáid i dtreo go ndéanfar an teagasc is an fhoghlaim sa scoil a threisiú agus a chomhlánú. Is mó fós a chuirfear le leanúnachas agus le forchéimniú in OSPS sa scoil ach teanga agus cur chuige coiteann a bheith in úsáid i dtaca le breathnóireacht, cur síos, díospóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn na bpáistí. Cuirfidh an t-am a chaitear le díospóireacht agus le hidéanna a roinnt lena chéile le cumarsáid i measc na foirne agus le tuismitheoirí agus le páistí aonair agus cinnteoidh sé go n-úsáidfear measúnú ar an mbealach is deimhní agus is cuidithí.

Ní féidir breathnú ar mheasúnú san achar curaclaim seo ina aonar mar go mbeidh sé ceangailte go díreach le measúnú in ábhair léinn eile agus le haon mheasúnú a dhéanfaí ar mheon agus ar atmaisféar na scoile.

## Rólanna an mheasúnaithe: cad chuige measúnú in OSPS?

Soláthraíonn an measúnú eolas don mhúinteoir faoin gcaoi agus faoin méid den ábhar a bhíonn á fhoghlaim ag na páistí trí bhíthin an chláir phleanáilte in OSPS. Tabharfaidh an t-eolas seo léargas ar chinntí maidir le heispéiris fhoghlama amach anseo, agus soláthróidh sé treoracha maidir le pleanáil, dearadh agus oiriúnú ábhar in OSPS agus maidir le cur chuige áirithe teagaisc a úsáid sa seomra ranga. Beidh ar chumas an mhúinteora a bhfuil ar eolas agus a dtuigeann an páiste a aithint maille leis an gcaoi a n-aistríonn sé/sí an fhoghlaim ó shuíomh go chéile.

Cnuasófar an t-eolas seo ó obair an pháiste le linn na dtréimhsí scoite OSPS, ó fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus idirghníomhú laethúil an pháiste agus ón bhfoghlaim agus an teagasc in ábhair léinn eile. Nuair a úsáidtear é ar an mbealach *múnlaitheach* seo, is mór an díol suntais é an measúnú i bhforbairt fhoriomlán an pháiste. Soláthraíonn sé aiseolas don

pháiste ar a d(h)ul chun cinn agus tugann sé ar an bpáiste freisin bheith páirteach i machnamh criticiúil ar a f(h)oghlaim phearsanta.

Tá ról *diagnóiseach* ag an measúnú freisin, sa mhéid go soiléiríonn sé achair ina n-éiríonn leis an bpáiste ina c(h)uid foghlama nó ina mbíonn deacracht aige/aici. D'fhéadfadh baint a bheith ag na deacrachtaí le gnóthú agus le húsáid scileanna éagsúla, le heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith in eolas agus i dtuiscint an pháiste, nó le deacrachtaí a bheadh ag an bpáiste i dtaca le bheith páirteach i bpróisis éagsúla agus le machnamh a dhéanamh orthu. Sholáthródh an saghas seo measúnaithe treoracha don mhúinteoir maidir le cur chuige foghlama agus teagaisc a d'fhéadfadh cuidiú le foghlaim an pháiste. D'fhéadfadh buanna an pháiste bheith bainteach lena scileanna ceannaireachta nó lena scileanna éifeachtacha sóisialta nó lena c(h)umas chun tabhairt faoi staid nó faoi dhúshlán nua. Cuideoidh an t-eolas seo leis an múinteoir gníomhaíochtaí a phleanáil agus oibriú leis na páistí sa chaoi go n-úsáidfear agus go bhforbrófar a mbuanna agus a gcumas go héifeachtach. Uaireanta cuideoidh eolas as trialacha foirmiúla iompraíochta a chuirtear i gcrích i gcomhar le síceolaithe nó le daoine gairmiúla eile leis an measúnú diagnóiseach seo.

Cuireann measúnú *suimitheach* pictiúr iomlán de dhul chun cinn an pháiste in OSPS ar fáil. Clárú foirmiúil ar an eolas atá cnuasaithe is ea é, agus tá sé fíorúsáideach chun tuismitheoirí, múinteoirí agus daoine gairmiúla eile a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn an pháiste de réir mar a ghluaiseann sé/sí ó rang go rang.

Ról tábhachtach eile atá ag an measúnú is ea cuidiú leis an múinteoir meastóireacht a dhéanamh ar an gclár in OSPS agus a oiriúnacht do rang ar leith agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht na modhanna teagaisc, na gcineálacha cur chuige agus na n-acmhainní atá in úsáid. Cuireann measúnú meastóireachta deis ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a mbaintear amach cuspóirí an churaclaim mar aon leis an mbéim a leagtar ar an bpróiseas foghlama agus ar pháirtíocht ghníomhach na bpáistí. D'aithneofaí ón measúnú freisin bealaí deimhneacha chun meon agus atmaisféar ginearálta na scoile a fheabhsú agus chun forbairt a dhéanamh ar an dea-chleachtas atá bunaithe cheana féin.

## Measúnú in OSPS: cad ba chóir a mheasúnú?

Baineann deacrachtaí ar leith le measúnú san achar seo. In an-chuid cásanna tiocfaidh fíor-iarmhairt na foghlama in OSPS i bhfeidhm i bhfad tar éis don pháiste an scoil a fhágáil. Mar an gcéanna, braithfidh gnóthú go leor de chuspóirí an churaclaim ar aibíocht mhothúchánach, intleachtúil agus shóisialta an pháiste sa chaoi gur féidir difríochtaí móra a bheith sna rátaí dul chun cinn ó pháiste go chéile. Is deacair freisin

measúnú a dhéanamh ar éifeacht teachtaireachtaí pearsanta, sóisialta agus sláinte ar an bpáiste aonair agus ar an dóigh a ndéanann sé/sí an fhoghlaim a inmheánú.

Mar sin féin, is féidir roinnt measúnaithe a bheidh an-bhailí agus an-chabhrach a dhéanamh, rud a threiseoidh an fhoghlaim agus an teagasc in OSPS. Ba chóir go léireodh an measúnú an dul chun cinn atá déanta ag an bpáiste i gclár pleanáilte na scoile. Ba chóir dó aird a thabhairt ar chuspóirí na dtrí shnáithe go huile agus bheith bainteach leis an méid is féidir a mheasúnú go réalaíoch agus go cuí ar scoil. Ba chóir freisin go gcuirfí san áireamh sa mheasúnú cumas an pháiste ar a d(h)ul chun cinn féin a mheasúnú agus a spriocanna agus a c(h)uspóirí féin a cheapadh agus a bhaint amach.

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí measúnú áirithe ar an gcur chuige ginearálta i leith an churaclaim in OSPS sa scoil, agus ar chur i bhfeidhm an chláir i gcomhthéacs mheon agus atmaisféar foriomlán na scoile. Éileoidh measúnú dá leithéid ar mhúinteoirí machnamh ar roinnt príomhcheisteanna d'fhonn imshaol na scoile a mheasúnú agus na hachair ar gá feabhas a chur orthu a aithint.

## Gléasanna measúnaithe: conas measúnú a dhéanamh

Chun OSPS a mheasúnú, tá gléasanna faoi leith ag teastáil a chabhróidh leis an múinteoir eolas a fháil faoi dhul chun cinn an pháiste agus faoi éifeacht agus oiriúnacht an chláir atá á theagasc. San achar foghlama seo tá an phríomhbhéim ar mheasúnú neamhfhoirmiúil, ach uaireanta déanfar é seo a chomhlánú le teicníochtaí foirmiúla (de réir mar a bhíonn siad ar fáil), amhail trialacha iompraíochta, próifílí dalta agus trialacha critéarthagartha foirmiúla do ghnéithe áirithe. Is iad na gléasanna neamhfhoirmiúla a mholtar don mheasúnú in OSPS ná:

*Breathnóireacht an mhúinteora*

*Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir*

*Bailiúcháin oibre agus tionscadail.*

### *Breathnóireacht an mhúinteora*

Is teicníocht rí-oiriúnach í breathnóireacht an mhúinteora chun measúnú a dhéanamh ar an achar seo den churaclam. Tarlaíonn sé le linn do pháistí a bheith gafa le gníomhaíochtaí éagsúla nó le linn idirghníomhaíochtaí laethúla sa rang nó sa scoil. Is gnách le múinteoirí bheith ag breathnú ar pháistí ar scoil mar chuid dá ngnáthobair laethúil agus ag clárú cuid den bhreathnóireacht sin. Nuair a dhírítear ar ghnéithe faoi leith den OSPS cuirtear lena dtairbhe i dtimthriall foghlama agus teagaisc an ranga.

D'fhéadfadh breathnóireacht an mhúinteora díriú orthu seo

- cumas an pháiste ar chomhoibriú agus saothrú i ngrúpaí nó go neamhspleách
- na hidirghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla idir an páiste agus duine fásta agus idir an páiste agus páistí eile
- caighdeán chur i láthair na hoibre
- achair spéise nó cumais faoi leith a léiríonn an páiste
- páirtíocht agus suim an pháiste i ngníomhaíochtaí ilghnéitheacha
- an leibhéal freagrachta pearsanta nó sóisialta a léiríonn an páiste
- iontaofacht an pháiste agus gnáthaimh shocraithe á gcomhlíonadh aige/aici
- buanseasmhacht an pháiste agus tasc á chomhlíonadh aige/aici
- feasacht an pháiste faoi dheacrachtaí daoine eile agus a thoilteanaí atá sé/sí cabhair a thabhairt
- na ceisteanna a chuireann an páiste agus na freagraí a thugann an páiste ar cheisteanna is ar mholtaí an mhúinteora
- iompraíocht éagsúil, mar shampla cúthaileacht, cumas ceannasaíochta, leibhéal féinmhuiníne, claonadh chun imní, tuiscint do chothrom na Féinne, teanntás, ionsaitheacht, ullmhacht chun dul i bhfiontair agus glacadh le dúshláin
- aibíocht fhisiceach agus mhothúchánach
- cumas an pháiste ar bheith páirteach i measúnú a dhéanamh ar d(h)ul chun cinn agus ar mhachnamh a dhéanamh ar a c(h)uid foghlama.

Má chláraíonn an múinteoir an bhreathnóireacht ábhartha nó an chuid is suntasaí di ina t(h)uairim, cuideoidh sí leis/léi léargas foriomlán a fháil ar fhorbairt an pháiste, agus is féidir leis an múinteoir leas a bhaint aisti mar phointe tagartha nuair a bhíonn pleanáil le haghaidh OSPS á déanamh aige/aici agus le linn díospóireachta le múinteoirí eile faoin bpáiste de réir mar a ghluaiseann sé/sí tríd an scoil, é sin nó má aistríonn sé/sí go dtí scoil eile. Bíonn an bhreathnóireacht chláraithe seo thar a bheith cabhrach i ndíospóireachtaí le tuismitheoirí. Is féidir í a úsáid freisin i ndíospóireachtaí leis an bpáiste aonair agus beidh ról tábhachtach aici i dtaca le teagmháil phearsanta thairbheach a spreagadh idir an tuismitheoir agus an múinteoir agus idir an páiste agus an múinteoir araon.

Nuair a bhíonn páistí gafa le gníomhaíochtaí áirithe sa seomra ranga, is féidir leis an múinteoir breathnú go neamhfhoirmiúil ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad, ar leibhéal a bpáirtíochta sa ghníomhaíocht, ar chaighdeán na hoibre grúpa nó na hoibre aonair a bhíonn ar siúl agus ar dheacrachtaí ar leith a léiríonn páistí aonair agus na gníomhaíochtaí á gcomhlíonadh acu.

Cuirfidh breathnóireacht a dhéantar ar pháistí i gcomhthéacsanna éagsúla lasmuigh den seomra ranga, mar shampla turais scoile agus gníomhaíochtaí súgartha sa chlós nó i halla na scoile, ar chumas an mhúinteora éifeacht na ngníomhaíochtaí, arb é a n-aidhm feabhas a chur ar fhéinmheas agus ar spiorad comhoibritheach an pháiste, a mheas. Tabharfaidh an bhreathnóireacht ar imeachtaí teagmhasacha oiread eolais don mhúinteoir is a thabharfaidh sí siúd atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí pleanáilte nó struchtúrtha.

Comhlíonann breathnóireacht an mhúinteora ról múnlaitheach agus diagnóiseach trí ghnéithe den chlár a bhfuil forbairt de dhíth orthu a léiriú agus trí chabhrú leis an múinteoir eispéiris fhoghlama a phleanáil don todhchaí. Mar shampla, sa chás go meastar nach bhfuil páiste nó líon páistí in ann oibriú le chéile go héifeachtach, beidh ar an múinteoir roinnt ama a chaitheamh ag forbairt an phróisis obair ghrúpa ionas gur féidir leis na páistí páirt a ghlacadh i raon leathan gníomhaíochtaí agus tairbhe a bhaint astu. Mar an gcéanna, nuair a thugann scoil easpa ar leith faoi deara ag éirí as a cuid breathnóireachtaí ar na páistí agus ar a n-iompar, is féidir leis na múinteoirí cinneadh ar bhéim a chur ar ghné ar leith den chlár ar feadh tréimhse áirithe. Is féidir an bhreathnóireacht seo a úsáid freisin chun teagmháil rialta a dhéanamh leis an bpáiste maidir lena c(h)uid oibre féin agus cuidiú leis/léi tairbhe bhreise a bhaint as an bpróiseas foghlama.

### *Tascanna agus trialacha a dhearann an múinteoir*

Is féidir le tascanna a bhunaítear ar chomhthéacs foghlama tacú le measúnú an phróisis agus an toraidh araon nó le teaglaim díobh. Tig leis an múinteoir na próisis a bhfuil na páistí gafa leo a mheas agus an méid den teagasc a thuigeann siad agus a gcumas ar an méid a bhíonn foghlamtha acu a aistriú agus a chur i bhfeidhm i staideanna ilghnéitheacha a thomhas. De réir mar a dhéanann páistí machnamh ar phróiseas faoi leith beidh siad in ann ciall a bhaint as agus éireoidh siad feasach orthu féin mar dhaoine agus ar na bealaí ina ndéanann siad foghlaim agus obair.

### *Tascanna*

Is féidir, mar shampla, tasc a dhearadh a chuireann suíomh i láthair páistí ina gcaithfidh siad mar ghrúpa teacht ar chinneadh agus a dtuairimí a chosaint. Cuirfidh an ghníomhaíocht seo ar chumas an mhúinteora an tslí inar oibrigh na páistí le chéile a mheasúnú, agus cé acu ar tháinig nó nár tháinig siad ar chomhaontú. Tugann an measúnú deis freisin do na páistí machnamh a dhéanamh ar, agus a bheith feasach ar, a ról féin sa phróiseas cinnteoireachta agus foghlaim mar gheall ar na tosca a chuaigh i gcion orthu agus iad ag teacht ar chinneadh.

Is féidir tascanna sonracha a úsáid go héifeachtach freisin chun cumas an pháiste ar scileanna ar leith a chur i bhfeidhm i staideanna difriúla. Is féidir tascanna a chumadh a thabharfaidh deis do na páistí cumas a léiriú in a lán comhthéacsanna sóisialta, pearsanta agus sláinte, mar shampla teanntás, áitiú, cumas barraíochta, anailís chriticiúil nó scileanna sábháilteachta a thaispeáint, nó i bhfuascailt faidhbe agus teacht ar réiteach. Tá úsáid tascanna in OSPS le moladh toisc go léiríonn siad an saghas gníomhaíochta atá i gceist i gcuspóirí an churaclaim, agus sa tslí sin go gcruthaíonn siad nasc idir na cuspóirí, na modhanna teagaisc agus an measúnú.

### *Trialacha*

Cuimsíonn OSPS achair eolais agus tuisceana a gcaithfear measúnú a dhéanamh orthu go tráthrialta. Tabharfaidh trialacha simplí a dhearann an múinteoir deis dó/di an t-eolas atá gnóthaithe a fháil amach. Mar shampla, tar éis an snáithaonad a bhaineann le bia agus cothú a bheith críochnaithe, d'fhéadfadh sé bheith cabhrach triail a chur a éilíonn ar pháistí a gcuid eolais ar bhia, ghrúpaí bia, réim shláintiúil bia srl. a léiriú.

### *Bailiúcháin oibre*

Fillteán pearsanta a choinníonn gach páiste is ea an bailiúchán, ina mbíonn raon leathan fianaise faoina g(h)nóthachtáil agus atá feiliúnach do gach aoisghrúpa sa scoil. Is bealach úsáideach é chun obair a bhíonn déanta a bhailiú chomh maith le bheith áisiúil mar mhodh leis an dul chun cinn a mheas.

Toisc gur údar mórtais ag an bpáiste iad na bailiúcháin seo agus go dtugann siad mothú úinéireachta dó/di, is féidir leo cur lena f(h)éinmheas agus a léiriú ar bhealach nithiúil go mbíonn rath éigin ar gach aon duine ar scoil. Cuireann siad deiseanna le haghaidh féinmheasúnaithe ar fáil freisin tráth a n-éiríonn an páiste feasach ar, agus a ndéanann sé/sí machnamh ar, ábaltacht agus ar theorainneacha pearsanta.

Tig le bailiúcháin oibre in OSPS suirbhéanna nó ceistiúcháin atá déanta, líníochtaí, gníomhaíochtaí scríofa, gearrthóga nuachtán nó liostaí seiceála a chuimsiú. Ba chóir go mbeidís solúbtha go leor chun raon leathan gnóthachtála in an-chuid gnéithe den churaclam in OSPS a chlárú. Ag deireadh téarma nó ag deireadh na bliana scoile d'fhéadfaí sampla ionadaíoch a roghnú as an mbailiúchán le haghaidh measúnaithe. Mar chomhlánú ar mheasúnú seo an mhúinteora d'fhéadfaí a iarraidh ar an bpáiste an obair is fearr dá c(h)uid a roghnú agus é/í a spreagadh chun na roghanna a dhéanann sé/sí a phlé. Tig leis seo an caidreamh idir an múinteoir agus an páiste a threisiú agus ról an pháiste i dtaca lena c(h)uid foghlama féin a neartú. Cuireann bailiúcháin oibre fianaise dhíreach ar fáil don mhúinteoir freisin mar gheall ar an obair ó lá go lá i rith na bliana agus is foinse úsáideach eolais iad don chéad mhúinteoir eile a bheidh ag an bpáiste. Is bealach cumarsáide sármhaith iad idir an scoil agus an baile agus cuireann siad ar chumas an mhúinteora a c(h)ur chuige féin i leith OSPS a athbhreithniú mar aon le héifeacht na modhanna éagsúla teagaisc a úsáideann sé/sí.

### *Tionscadail*

Tugann tionscadail deis do pháistí díriú isteach ar ghné ar leith den churaclam agus staidéar sách mion a dhéanamh uirthi. Bíonn deiseanna ar fáil le haghaidh obair thionscadail i ngach snáithe den churaclam, mar shampla nuachtán ranga a cheapadh, nósanna cothaithe i gceantair éagsúla sa domhan a iniúchadh nó sábháilteacht sa scoil a scrúdú. Is féidir leis na cineálacha seo tionscadal an méid a bhíonn foghlamtha ag an bpáiste a léiriú, agus tá siad ríthábhachtach i dtaca le cumas an pháiste ar eolas a bhailiú, é a chur i gcóimheas agus a chur i láthair agus saothrú i gcomhar le daoine eile a mheasúnú. Nochtann siad freisin cuid mhaith faoi fhreagracht aonair agus faoi fhreagracht ghrúpa, agus tig leo leibhéal spéise gach páiste a chur in iúl.

### *Taispeáint agus cur i láthair na hoibre*

Tá taispeáint agus cur i láthair na hoibre ar na cineálacha cur chuige agus na modhanna teagaisc a mholtar in OSPS. Tugann siad seo deis do pháistí eolas a bhíonn bailithe acu a achoimriú agus a chóimheas, dearcadh áirithe a chur i láthair agus seasamh a chosaint. Is féidir feidhm a bhaint astu chomh maith chun an méid a bhíonn foghlamtha ag páistí a mheasúnú agus a gcumas ar shonraí a chur i láthair lucht éisteachta áirithe a thaispeáint.

## Cur chuige cothrom i leith an mheasúnaithe

Is é cuspóir an mheasúnaithe feabhas a chur ar éispéiris fhoghlama an pháiste in OSPS. Tá sé riachtanach nach gcuirfeadh aon cheann de na teicníochtaí a úsáidtear nó na bealaí ina ndéantar an clárú isteach ar eispéiris fhoghlama an pháiste. A luaithe a bhíonn taithí ag an múinteoir ar na teicníochtaí treiseoidh siad an obair sa seomra ranga, agus ní laghdóidh siad an t-am le haghaidh teagaisc. Ba chóir bealaí chun tabhairt faoin measúnú ar shlí phraiticiúil chothrom laistigh den scoil a rianú i bpolasaí na scoile.

## Clárú agus cumarsáid

Is deacair áireamh iomarcach a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le plé na foirne scoile ar an measúnú in OSPS. Forbróidh múinteoirí comhthuiscint ar dhul chun cinn páistí agus ar ról an mheasúnaithe in OSPS trína saineolas féin a roinnt ar a chéile agus a dtuairimí nó a gcúraimí a iniúchadh. Cuideoidh comhoibriú den chineál seo le leanúnachas agus iontaofacht in úsáid na ngléasanna éagsúla measúnaithe a chinntiú agus cuirfidh sé tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí agus iad á n-úsáid go laethúil acu.

Ba chóir go mbeadh díospóireachtaí freisin idir tuismitheoirí agus múinteoirí maidir le measúnú páistí aonair, mar soláthróidh siad pictiúr níos réadúla ar dhul chun cinn foriomlán an pháiste, ar a b(h)uanna agus a lochtanna. Cuireann measúnú eolas riachtanach ar fáil do pháistí, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine eile maidir le foghlaim agus forbairt fhoriomlán an pháiste agus sa tslí sin éascaíonn sé cinntí a dhéanfar amach anseo mar gheall ar eispéiris fhoghlama agus riachtanais daltaí.

### *Cárta próifíle an dalta*

Próifíl de dhul chun cinn an pháiste i ngach achar den churaclam a bheidh i gcárta próifíle an dalta, agus beidh an measúnú ar fhorbairt an pháiste in OSPS mar ghné amháin den phróifíl seo. Beidh breathnóireacht leanúnach an mhúinteora ar an bpáiste agus é/í ag comhlíonadh tascanna éagsúla a cheapann an múinteoir mar aon le cnuasach na mbailiúchán agus na dtionsadal mar bhunús leis an eolas ar chárta próifíle an dalta. Beidh an cárta seo ina chuntas buan ar dhul chun cinn an pháiste, agus beidh sé fíorúsáideach tráth a mbíonn eolas mar gheall ar an bpáiste á thabhairt do na tuismitheoirí agus do mhúinteoirí eile. Tá sé riachtanach go mbainfeadh ábharthacht agus brí leis an gcaoi a gclárófaí eolas ar chárta dá leithéid seo.

# Aguisín

# Ballraíocht an Choiste Curaclaim don OSPS

Ba é an Coiste Curaclaim don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a d'ullmhaigh an curaclam seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Sally Sheils | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Baill an choiste** | Denis Coleman | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Angela Griffin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Audrey Johnston | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Muireann Ní Leoin | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Sr Regína Ní Loideáin | Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna |
| | Deasún Ó Bruadair | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Colm Ó Ceallacháin | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Micheál Ó Cinnéide | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Carmel O'Doherty | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Proinsias Ó Dughaill | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Clare O'Leary | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Eileen O'Sullivan | Uachtaráin na gColáistí Oideachais |
| **Oifigeach oideachais** | Noreen Kavanagh | |
| **Oifigigh oideachais** | Carmel O'Doherty | |
| | Eileen O'Sullivan *(go 1996)* | |

# Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Tom Gilmore | |
| **Baill an choiste** | Séadhna de Blán (*ó 1995*) | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Liam Ó hÉigearta (*ó 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Glendenning (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Fionnuala Kilfeather (*ó 1995*) | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Éamonn MacAonghusa (*go 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Ath Gearóid Mac Conmara (*ó 1995*) | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Peadar Ó Maoláin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Síle Ní Núnáin (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Eugene Wall | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| **Comhordaitheoir** | Caoimhe Máirtín (*go 1995*) | |
| **Leas-phríomhfheidhmeannach** | Lucy Fallon-Byrne (*ó 1995*) | |
| **Príomhfheidhmeannach** | Albert Ó Ceallaigh | |

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (*go 1996*), Dr Caroline Hussey (*ó 1996*)

ISBN 0-7076-6310-5
9 780707 663104

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA